nua taighdeoirí PhD ag COBÁC, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath oiliúint a thabhairt dóibh ar mheaisínfhoghlaim agus leas a bhaint as socrúcháin tionscail agus iad ag foghlaim.

“Cheana féin bhí beagnach 100 taighdeoir luathchéime ag obair thar raon leathan i mheaisínfhoghlaim. Gach rud ó halgartaim agus teicnící nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go dtí an tionchair dlí agus sochaíocha, ag fiafraí cén chaoi a mairimid sa saol seo,” a deir an tOllamh Mac Namee. “Is é an tionchar de seo agus an taighde ar fad a dhéanaimid sa réimse seo ná go dteastaíonn uainn daoine a choinneáil sa lúb, oiliúint chliste agus feabhas a chur ar na halgartaim meaisínfhoghlama ionas go ndéanann an IS an t-ardú trom agus ansin gur féidir le saineolas daonna na torthaí a mhionchoigeartú agus a rialú.”

### Ceannairí Todhchaí a Fhorbairt i dTaighde Feistí Leighis

I 2022, bronnadh beagnach €14 milliún ar C.RAM, Ionad Taighde FEÉ um Fheistí Leighis in Ollscoil na Gaillimhe, chun 50 deis comhaltachta iardhochtúireachta a chruthú chun ceannairí sa todhchaí a fhorbairt i dtaighde feistí leighis. Tá €7.1 milliún ón Aontas Eorpach agus €6.8 milliún ó C.RAM i gceist leis an gclár comhaoinithe chun MedTrain+, clár oiliúna feabhsaithe, nuálaíoch Marie Skłodowska-Curie Action a sheoladh. Rachaidh aschuir an taighde chun tairbhe do thorthaí le haghaidh galair ainsealacha ar nós diaibéiteas, galar cardashoithíoch, galar néaraimheathlúcháin agus galar mhatánchnámharlaigh, agus tacóidh sé le comhpháirtíochtaí le gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí ilnáisiúnta i MedTech, sa chógaíocht agus sa bhiteicneolaíocht.



Bronnadh Gradam George Winter 2022 ón gCumann Eorpach um Bithábhair (GEB) ar an Ollamh Abhay Pandit, Stiúrthóir ar Ionad Taighde FEÉ, CÚRAM, in Ollscoil na Gaillimhe, as obair taighde den scoth i réimse na mbithábhair.

### Bonn Óir do Thaighde Géiniteach

I 2022, bhuaigh an t-iarrthóir PhD John O’Grady ag Ionad FEÉ um Oiliúint Taighde in Eolaíocht Sonraí Géanómaíochta, Bonn Óir Fhéile Conway as a chuid oibre ar thaighde géiniteach ar an eitinn (TB) in eallach. Tá a ghrúpa, arna maoirsiú ag na hOllúna David MacHugh, Claire Gormley, agus Stephen Gordon ag Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia COBÁC, ag iarraidh bithchomharthaí sóirt féideartha d’ionfhabhtú M. bovis a aithint. Tá sé mar aidhm ag an staidéar tástálacha diagnóiseacha nua a fhorbairt le haghaidh ionfhabhtú M. bovis agus cabhrú le beostoc a phóru le friotáocht feabhsaithe eitinn buaibheach. D’fhéadfadh an taighde cur le tuiscint a fháil ar fhreagairtí imdhíoneolaíocha le linn na heitinne daonna. Dírionn PhD John ar chomóntachtaí i léiriú na géine thar ghrúpaí póir a chinneadh agus tá comhpháirt tionchair ionchasach aige don tionscal talmhaíochta ar fud an domhain.



Sa ghrianghraf (c-d): Bronnann an tOllamh Helen Roche Bonn Óir Fhéile Conway COBÁC 2022 ar John O’Grady.

### Dul i nGleic le Galair Ainsealach

Bronnadh maoiniú €4.3 milliún ar an tOllamh Edward Gregg, Ceann Scoil Sláinte an Daonra, an t-eolaí sláinte daonra is fearr ar domhan, ag Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ, trí Chlár Ollúnachta Taighde FEÉ, mar chomhcheapachán le Imperial College London. Tacóidh a dhámhachtain le 13 phost taighde eile.

Tá diaibéiteas ag an deichiú cuid de dhaoine fásta an domhain, agus in Éirinn tá méadú faoi dhó beagnach tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil diaibéiteas cineál 2 orthu le 15 bliana anuas. Fiosróidh grúpa an Ollaimh Gregg an chaoi a n-úsáidtear sonraí ar leibhéal an daonra agus ardáin taighde in Éirinn chun príomhchinnntí a dhéanamh don cosc agus laghdú ar ualach na ngalar ainsealacha, ag díriú go sonrach ar ghalair ar nós diaibéiteas agus murtall. Cruthóidh an obair seo an bealach do chláracha daonra nuálacha do ghalair ainsealacha, a d’fhéadfadh torthaí sláinte a fheabhsú d’othair agus eolas níos fearr a chur ar bheartas.




An tOllamh Edward Gregg, Ollamh Taighde FEÉ ag Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ.

### Teicneolaíocht an Domhain Amach Anseo a Fheabhsú

I 2022, bronnadh dámhachtain nua Ollúnachta Taighde FEÉ ar an Ollamh Robert Bogdan Staszewski, ag leanúint lena chuid oibre ar ciorcaid leictreonaice chomhtháite de chomharthaí measctha le haghaidh feidhmeanna atá ag teacht chun cinn, i Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaice agus Leictreonaí COBÁC.

Beidh iarmhairt dhomhanda ar scála domhanda ag taighde ceannródaíoch an Ollaimh Staszewski ar thacar nua de réimsí feidhmeanna spreagúla mar ríomhaireacht chandamach, líonrú hibrideach néareolaíoch, leictreonaic chríogineach, agus 5G/6G gan sreang agus radar, ag feabhsú an chaoi a ngintear sonraí agus a dhéantar anailís air.

# 06



## Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Íomhá ó Cian O'Connor  
CRMÉ Ollscoil an Leighis agus  
na nEolaíochtaí Sláinte  
Teideal: Néaróin a  
Dhíorthaítear ó Othar

# Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Tacaíonn agus seachadann FEÉ gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí ar fud na hÉireann, ag tabhairt na heolaíochta chun beatha trí ghníomhaíochtaí laethúla agus ag soláthar rochtain ar eolaíocht dár saoránaigh go léir. Tacaímid dea-chleachtas in oideachas ETIM, ag cur fiosracht chun cinn thar gach aoisghrúpa agus leibhéal oideachais chun tús a chur le píblíne tallainne don todhchaí.

Le linn 2022, shroich tacaíocht FEÉ do ghníomhaíochtaí pearsanta agus digiteacha lucht féachana nua agus chruthaigh sé deiseanna do chomhoibriú nuálaíoch. Tacaíonn FEÉ le clár a théann i ngleic le daoine fásta de gach aois agus cúlra socheacnamaíoch, b'fhéidir nach raibh deiseanna acu roimhe seo dul i ngleic leis an eolaíocht, ag cinntiú go gcothóimid fórsa saothair ETIM atá go hiomlán ionchuimsitheach, agus go méadóimid litearthacht eolaíochta do chách.

## €6.4 million

Infheistíodh €6.4 milliún i 43 tionscnamh STEM trí ghairm Chlár Fionnachtana FEÉ

## 1,018

Bhí imeachtaí Sheachtain na hEolaíochta ar siúl ar fud na tíre

Fuair **374**

bunscoil duaiseanna tríd an gClár Intinne Fiosracha (FBM roimhe seo)

## 228

d'fhreastail múinteoirí dara leibhéal ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar théama spáis ESERO

## 675

Cuireadh oiliúint forbartha gairmiúla leanúnaí ar 881 múinteoir trí chlár DPSM/ na hOifige Eorpaí um Acmhainní Oideachais Spástaistil arna thacú ag FEÉ

## 1,775

sraith shinsearach d'fhreastail mic léinn Spás ESERO Seónna Bóthair Gairme

Bhuail **2,097**

mac léinn le heolaithe agus le hinnealtóirí tríd an gclár OEAOS Téann an Spás ar Scoil



### Ár dToghcháí a Chruthú ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Tá an tAire Simon Harris TD sa phictiúr leis an bhfoireann Ár dToghcháí a Chruthú i sráidbhaile Rialtas na hÉireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2022. Bhí torthaí an fheachtais ar fáil do chách le brabhsáil. Déan iniúchadh ar chuid de na 18K+ smaointe a cuireadh isteach sa [bhunachar sonraí](#).


### Intinne Fiosracha

I rith 2022, rinneadh athbhrandáil ar Chlár Foghlaim faoi Buneolaíocht agus Matamaitic (FBM) de chuid FEÉ mar [Intinne Fiosracha](#). Tacaíonn an clár le scoileanna fiosracht dhúchasach leanaí a fhorbairt trí chur chuige praiticiúil, fiosrúchán-bhunaithe i leith foghlaim ETIM. Cabhraíonn FEÉ le múinteoirí muinín a chothú trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach saor in aisce agus na céadta acmhainní ranga a chur ar fáil, agus cuidíonn na Dámhachtainí Intinne Fiosracha le cultúr ETIM a chur chun cinn ar fud na scoile.

[▶ FÉACH AR AN bhFÍSEÁN](#)



Tugann an tAire Simon Harris TD cuairt ar Scoil Náisiúnta an Leacain chun gradam a bhronnadh ar an scoil ag aithint na gaiscí a bhfuil bainte amach acu i ETIM.



Sa ghrianghraf (c-d) ag BODY @ Seachtain na hEolaíochta i gCearnóg Mhuirfean: Ard-Stiúrthóir FEÉ, an tOllamh Philip Nolan agus Cathaoirleach an Bhoird, FEÉ, an tOllamh J. Peter Clinch.

### Seachtain na hEolaíochta 2022

Don chéad uair le trí bliana anuas, bhí imeachtaí pearsanta indéanta le haghaidh Sheachtain na hEolaíochta. Ghlac lucht féachana ar fud na tíre leo seo, le 19 bhféile réigiúnacha agus 13 imeacht maoinithe ag Glao Sheachtain na hEolaíochta.

Reáchtáil FEÉ príomhimeacht na seachtaine, BODY @ Seachtain na hEolaíochta, suiteáil tumthach lasmuigh a chruthaigh Walk the Plank, le hionchur ó eolaithe bitheolaíoch. Tháinig cuairteoirí chuig Cearnóg Mhuirfean chun turas a thógaint tríd an gcorp an duine trí éifeachtaí speisialta, solas, fuaim agus tine.

[▶ FÉACH AR AN bhFÍSEÁN](#)

### Comhráite Trí Ealaín

Is taispeántas ilmheánach é ‘STEP Tríd an Scathán: Scéalta a Insítear faoi Phróisis Turgnamhacha’ atá maoinithe trí Chlár Fionnachtana FEÉ agus Ciste Tacaíochta Straitéiseach Institiúideach Wellcome COBÁC, a úsáideann ábhair pearsanta agus eolaíochta roghnaithe mar bhealaí uathúla agus aisteacha **chun comhrá a spreagadh agus scéal eolaíochta a insint.**

Seoladh é i 2022 mar chuid d’Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh, agus is comhoibriú é idir lucht bronnta gradam an t-ealaíontóir agus an fíodóir taipéise, Lorna Donlon, na heolaithe ag COBÁC, agus na tacadóirí othar a oibríonn leo.

[▶ FÉACH AR AN bhFÍSEÁN](#)



Sa ghrianghraf tá Jason Moriarty, iar-alum STint in éineacht leis an Aire Simon Harris TD, a chomhghleacaí de chuid an STint Lucy Greene, agus an tOllamh Dáire Keogh, Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Íomhá: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

### Intéirneachtaí ETIM do Mhúinteoirí

Cuidíonn an Clár Intéirneachta Múinteoirí ETIM (STInt) arna thacú ag FEÉ le heolas a thabhairt do chleachtas teagaisc agus foghlama, agus le heiseamláirí a sholáthar chun na glúine mac léinn atá le teacht (go háirithe cailíní) a spreagadh lena n-eolas ar ghairmeacha ETIM a fheabhsú. Éascaíonn an clár, atá á chomhordú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, intéirneachtaí ETIM do mhúinteoirí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse na n-ábhar ETIM, ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal ar fud na hÉireann agus cothaíonn sé comhoibrithe inbhuanaithe scoile-tionscail.

## Spotsolas ar Miotais a Bhréagnú



Sa phictiúr tá an Dr Zara Molphy, comh-cheannaire an Chláir Miotais a Bhréagnú agus bainisteoir clár taighde in Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte CRMÉ, in éineacht leis an Dr Ronan Daly, Clártheoir Cnámhseachais agus Gíniceolaíochta, agus saineolaí cláir.

## An Eolaíocht Taobh thiar dár Sláinte Ghnéis

Sa lá atá inniu ann tá a lán ‘nuacht bhréige’ agus mar sin is féidir go mbeadh sé deacair ag déagóirí foinsí iontaofa faisnéise a aimsiú faoi shláinte ghnéis agus atáirgthe. Tá go leor déagóirí ag foghlaim faoina gcorp ag am nuair is minic a léirítear saincheistean sláinte ar scannán, teilifís agus na meáin shóisialta, ag baint úsáide as íomhánna caighdeánaithe ar féidir leo miotais agus caighdeáin choirp neamhréadúla a bhuanú.


Seoladh sraith nua ceardlann idirghníomhacha agus uirlisí rannpháirtíochta ar líne dar teideal ‘Miotais a Bhréagnú: An Eolaíocht Taobh thiar dár Sláinte Ghnéis’ i 2022, le tacaíocht ó FEÉ, chun sláinte ghnéis a phlé le déagóirí agus miotais a bhréagnú trí úsáid a bhaint as faisnéis eolaíoch atá bunaithe ar fhianaise. Tá sé á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le Roinn Cnámhseachais agus Gíniceolaíochta an CRMÉ, Fondúireacht an Rotunda agus Ospidéal an Rotunda.

I measc na n-ábhar bhí anatamaíocht, míostrú, frithghiniúint, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, an vacsaín HPV, toiliú, ionsaí gnéasach agus faisnéis faoi sheirbhísí tacaíochta do dhéagóirí ar fud na tíre.

Rinne saineolaithe ar nós eolaithe taighde agus liachleachtóirí an clár a sheachadadh agus a fhaomhadh, agus a forbraíodh chun cur leis an gcuraclam OCG, ag soláthar faisnéis shoiléir, chruinn maidir le sláinte ghnéis.

Bhí éileamh mór orthu, agus bhain 5,692 mac léinn úsáid díreach as na ceardlanna. Tá ceardlanna breise beartaithe, ag cur san áireamh aiseolas ó mhic léinn agus ó eagraíochtaí óige cosúil le BelongTo agus SpunOut.

# 07



## Lorg Domhanda

Íomhá ó hAoise O'Neill  
Ollscoil na Gaillimhe  
Teideal: Fibronast brataithe le  
siúcra i 3T CRC



# Lorg Domhanda

Le linn 2022, mhéadaigh FEÉ ár rochtain trínár gcomhpháirtíochtaí taighde comhoibríocha idirnáisiúnta ar fud na cruinne. Trí naisc níos láidre a chothú le hollscoileanna agus le hinstiúidí taighde den scoth, tá taighdeoirí a fhaigheann tacaíocht ó FEÉ ag cur le cumas taighde na hÉireann agus ag forbairt réitigh cheannródaíocha ar chuid de na dúshlán is práinní atá againn.

Agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha idirnáisiúnta á dtógáil chun tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a thiomáint, tá FEÉ ag mealladh na tallainne taighde

domhanda is fearr, ag tógáil líonraí taighdeoirí agus ag leathnú lorg idirnáisiúnta thaighde na hÉireann, chomh maith le tacú le Clár an Rialtais um Chonair Taighde Oileán Comhroinnte.

Tá raon leathan domhanda ag comhoibríthe idirnáisiúnta an FEÉ: an Eoraip (67.93%); Meiriceá Thuaidh (18.19%); an Áise (8.58%); an Astráil agus an Aigéine (2.89%); Meiriceá Theas (1.45%); an Afraic fho-Shahárach (0.58%); Meiriceá Láir agus an Mhuir Chairib (0.24%) agus an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh, agus an Mhór-Araib (0.14%).

## 8,212

líon na gcomhoibríochtaí adacúla-acadúla a thuiriscigh taighdeoirí FEÉ

## 71%

Ba le comhpháirtithe idirnáisiúnta 71% acu


## 52%

Bhí 52% den chomhoibriú neamhadúil le comhpháirtithe lasmuigh d'Éirinn

## 11%

díobh leis na Stáit Aontaithe, 10% díobh leis an Ríocht Aontaithe agus 31% díobh le tíortha eile

# 2022 Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta



## Na 20 Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta is mó de réir Tíre, 2022

An Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	<b>1,134</b>	An Spáinn	<b>295</b>	Ceanada	<b>132</b>	An India	<b>66</b>
Stáit Aontaithe Mheiriceá	<b>925</b>	Tuaisceart Éireann	<b>242</b>	An Danmhairg	<b>114</b>	An Bhrasáil	<b>60</b>
An Ghearmáin	<b>534</b>	An Ísiltír	<b>206</b>	An Eilvéis	<b>106</b>	An Pholainn	<b>59</b>
An Fhrainc	<b>353</b>	An tSín	<b>137</b>	An Bheilg	<b>101</b>	An Iorua	<b>50</b>
An Iodáil	<b>296</b>	An tSualainn	<b>135</b>	An Phortaingéil	<b>72</b>	An Fhionlainn	<b>50</b>
		An Astráil	<b>134</b>	An Ostair	<b>71</b>	An Ghréig	<b>40</b>
						An tSeapáin	<b>40</b>



Sa ghrianghraf (c-d): Tá na buaiteoirí SAM-Éire an Dr Rebecca Rolfe, an tOllamh Paula Murphy agus Natalie Jablonski (CTBÁC) i mbun taighde ar innealtóireacht fíocháin le haghaidh atógáil teannán.

### Clár SAM-Éire de chuid FEÉ

Bronnadh dhá dhámhachtain déag in 2022 trí taighde chomhpháirtíochta trípháirteach agus forbartha idir Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), Poblacht na hÉireann (PÉ) agus Tuaisceart Éireann (TÉ). Tá an comhinfeistíocht de €21 milliún, a bhfuil FEÉ ag cur €6.1 milliún de, ag tacú le níos mó ná 35 post taighde i bPoblacht na hÉireann agus 25 post taighde i dTuaisceart Éireann, thar 27 institiúid taighde.

Tá na tionscadail taighde a maoinítear i réimsí an fhuinnimh agus na hinbhuanaitheachta, líonraí chandamach agus teileachumarsáide, nana-ábhair, optaic agus fótónaic; innealtóireacht fíocháin le haghaidh atógáil teannán; agus monatóireacht braiteoirí do cháilíocht uisce agus tailte portaigh.

Ba iad na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta do dhámhachtainí 2022 ná FEÉ agus an Bord Taighde Sláinte (BTS) i bPoblacht na hÉireann; an Fhondúireacht Eolaíochta Náisiúnta (FEN) agus na hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte (INS) i SAM, agus Roinn an Gheilleagair (RG) i dTuaisceart Éireann.

Léiríonn ceann de na dámhachtainí, Comhpháirtíocht T&F **Ionad-go-Ionad CoQREATE** SAM-Éire, comhinfeistíocht de €3 milliún. Déanfaidh sé iniúchadh ar bhunsraitheanna na dteicneolaíochtaí candamach Idirlíne, rithfidh sé ceithre ionad taighde agus tacaítear le deich gcinn de phoist taighde ar a laghad.



Sa phictiúr (c-d): Faighteoir Bonn Eolaíochta FEÉ Lá Fhéile Pádraig don Tionscal, agus Uachtarán Stripe, John Collison, le hUachtarán Ollscoil Luimnigh, an tOllamh Kerstin Mey agus faighteoir Bonn Eolaíochta FEÉ Lá Fhéile Pádraig don saol Acadúil, an tOllamh Donald McDonnell, atá ina Stiúrthóir Comhlach um Thaighde Aistritheach d'Institiúid Ailse Duke, Carolina Thuaidh.

### Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ

Tugann **Bonn Eolaíochta clúiteach FEÉ Lá Fhéile Pádraig** aitheantas d'eolaithe, innealtóirí nó ceannairí teicneolaíochta clúiteacha Éireannacha atá ina gcónaí agus ag obair i SAM, as an méid suntasach eolaíoch a dhéanann siad don saol acadúil agus don tionscal. I 2022, bhronn an Taoiseach Micheál Martin TD boinn ar an tOllamh Donald McDonnell, Stiúrthóir Comhlach um Thaighde Aistritheach d'Institiúid Ailse Duke agus ar an tOllamh Glaxo-Wellcome le Bitheolaíocht Mhóilíneach Ailse ag Ollscoil Duke, Carolina Thuaidh, agus ar John agus Patrick Collison, bunaitheoirí an cuideachta bogearraí airgeadais, Stripe.



Sa phictiúr tá Comhaltaí Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga-FEÉ 2022 (c-d): An Dr Alma Siggins (Ollscoil na Gaillimhe), an Dr Rebecca Henry (COC), an Dr Matthew Walters (CTBÁC), an Dr Johanna Vos (DIAS), an Dr Mark Mitchison (CTBÁC) agus an Dr Lara McManus (CTBÁC).

### Comhpháirtíochtaí RA-Éire

D'oibrigh FEÉ i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí taighde na Ríochta Aontaithe i rith 2022, chun deiseanna a sholáthar do chomhpháirtíochtaí taighde a théann chun sochair gach pobail. Bronnadh dhá dhámhachtain faoi **Chlár Taighde Comhhaoinithe FEÉ na Comhairle um Thaighde Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Fisiceacha** (CTIEF) le comh-infeistíocht de €2 mhilliún do thaighdeoirí atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide agus Ollscoil na Gaillimhe atá ag obair chun astuithe gás cheaptha teasa a laghdú, agus chun níos mó a thuiscint faoi dúphoill.

Sa bhliain is rathúla fós, bronnadh sé dhámhachtain nua tríd an **gCumann Ríoga-FEÉ Clár Comhaltachta Taighde na hOllscoile**, le €3.5 milliún infheistithe. Bunaíodh an scéim chun eolaithe luathghairme den scoth a aithint a bhfuil an cumas acu a bheith ina gceannairí ina réimsí agus chun deis a thabhairt dóibh gairm bheatha neamhspleách taighde a thógáil.

Déanfaidh siad obair sna réimsí ceapadh carbóin, meitéareolaíocht eiseapláinéadach, innealtóireacht leighis agus leictrifiseolaíocht, teirmidinimic chandamach, teoiric réimse chandamach atá cúpláilte go láidir, agus néaralasadh.

Rinneadh trí **Chomhaltacht Taighde Ollscoile** eile a athnuachan. Ba iad seo don Dr John Goold (CTBÁC), an Dr Marius de Leeuw (CTBÁC) agus an Dr Niels Warburton (COBÁC) le €1.1 milliún infheistithe i réimsí na fisice theoiriciúil agus chandamach, matamaitice agus réaltfhisic, faoi seach.

Ina theannta sin, bronnadh 13 **Dámhachtain Feabhsúcháin** arbh fhiú €2.4 milliún san iomlán iad do Chomhaltaí Taighde agus Athnuachana reatha na hOllscoile chun breis tacaíochta agus feabhsaithe a thabhairt dá ngníomhaíochtaí taighde don dá bhliain atá romhainn.

### Tionscnaimh Nua

Seoladh clár nua chun comhoibríthe scála a chothú idir na taighdeoirí in Éirinn, sa Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann i 2022, le béim ar thaighde i réimsí téamacha na haeráide, agus córais bia inbhuanaithe agus athléimneach.

Bunóidh an **Clár Comh-Ionaid** uaillmhianach Ionaid fíorúla dáilte sármhaitheasa a nascfaidh taighdeoirí ar fud an acadaimh agus tionscail chun taighde ceannródaíoch a dhéanamh i réimsí a bhfuil tábhacht fhrithpháirteach eacnamaíoch, sochaíoch, sláinte agus comhshaoil ag baint leo.



Is ionann é agus **infheistíocht de €74 milliún**, tá an clár á bhainistiú ag FEÉ agus á chómhaoiniú trí thionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais, Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (RTCGT) agus Taighde agus Nuálaíocht na RA (RATN), chun cabhrú le scála agus comhtháthú a thabhairt don éiceachóras taighde agus nuálaíochta.

### Clár Taighdeoirí Easáitithe

I 2022, sheol FEÉ scéim deontas forlíontach nua chun spreagadh agus cumasú a thabhairt do shealbhóirí deontas FEÉ atá ann cheana chun deiseanna a sholáthar do thaighdeoirí easáitithe ón Úcráin a bheith páirteach agus comhoibriú ar deontais reatha atá maoinithe ag FEÉ, chun cur ar a gcumas leanúnachas a choinneáil ina ngairm bheatha thaighde.

Bronnadh ocht ndámhachtain faoi Chlár Forlíontach Mearfhreagartha FEÉ do Thaighdeoirí Easáitithe, le hinfheistíocht de €305k, ag tacú le comhtháthú tapa do thaighdeoirí ón Úcráin isteach i gcóras taighde na hÉireann.

### Slándáil Líonra Amach Anseo a Dhíonadh don Toghcháin

Is Ollamh Cúnta / Comhalta Ad Astra agus Stiúrthóir Taighde Iarchéime é Madhusanka Liyanage ag Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta COBÁC. Is imscrúdaitheoir maoinithe é ag Ionad Taighde FEÉ Connect do Líonraí agus Cumarsáid na Toghcháin, agus is sainchomhairleoir é ag Gníomhaireacht Cibearshlándála an AE (Enisa), ag speisialú i bhfeabhsú slándála agus príobháideachta i líonraí mhóibíligh amach anseo.

Is Príomh-Imscrúdaitheoir é ar dhá thionscadal mhóra H2020/Horizon Europe an AE, agus tá an tOllamh Liyanage ag tógáil conair i dtreo earnáil chibearshlándála Eorpach iontaofa, agus tá a ghrúpa taighde Netslab ag COBÁC dírithe ar shlándáil agus príobháideacht na líonraí ina dhiadh 5G agus 6G.

Tá sé ina Ollamh Taca/Cúnta san Ionad um Chumarsáid Gan Sreang, Ollscoil Oulu, san Fhionlainn, agus ina Ollamh Cúnta Oinigh ar Shlándáil Líonra, in Ollscoil Ruhuna, i Srí Lanca agus in Ollscoil Srí Jarawardenepura, i Srí Lanca, agus tá sé rangaithe i measc 2% d'Eolaithe barr an domhain ar an liosta ullmhaithe ag Elsevier BV, Ollscoil Stanford, SAM.



*Madhusanka Liyanage (ar chlé) sa phictiúr lena mhic léinn PhD agus iardhochtúireachta ina shaotharlann i Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta, COBÁC. Íomhá: Ranul Tanthilage.*

Mar mhaoirseoir ar mhic léinn dochtúireachta ag Ionad Taighde FEÉ um Oiliúint i Mheaisínfhoghlaim, tá Madhusanka ag traenáil glúin nua nuálaithe agus ag cur an saineolas ar fáil dóibh atá riachtanach chun réitigh núíosacha slándála agus príobháideachais a fhorbairt do na sochaithe nasctha amach anseo.

Bhí Comhaltacht Indibhidiúil Marie Skłodowska-Curie Actions aige agus bhuaigh sé roinnt dámhachtainí, lena n-áirítear dámhachtain Taighdeoir Óg Sármaith IILL ComSoc ó IILL ComSoc EMEA, agus Duais Comhghuaillí Taighde de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ). I 2022, fuair sé Ard-mholadh Speisialta do Thaighdeoir Luathghairme CTÉ.

### Seachadadh Speisialta le haghaidh Cnámha Slánaithe

Nuair a bhrisimid cnámh, téann gaschealla inár gcorp chuig an suíomh buailte agus cabhraíonn siad leis an damáiste a leigheas. Cad a tharlóidh dá bhféadfaimis an próiseas sin a threisiú trí innealtóireacht agus bitheolaíocht a chomhcheangal go cliste? Le tacaíocht maoinithe ó FEÉ agus ón gComhairle Eorpach um Thaighde (CET), tá an Dr Meadhbh Brennan ag déanamh an méid sin, trínár dtuiscint is déanaí ar ghaschealla, bithábhair agus leighis a chomhcheangal.

“Is é an sprioc ná teachtaireachtaí bithcheimiceacha ríthábhachtacha a ghabháil ó ghaschealla fásta sa tsaotharlann, ansin na teachtaireachtaí sin a chuimsiú i mbithábhar tacúil agus iad a sheachadadh chuig cnámha breoite,” a mhíníonn an Dr Brennan, atá ina Ollamh Comhlach in Innealtóireacht Bhitheighis agus Leighis Athghiniúnach de chuid Fhondúireacht Ollscoil na Gaillimhe.

Díríonn a cur chuige ar chuachtaí bídeacha de theachtairachtaí bithcheimiceacha ar a dtugtar saicíní eachtarcheallacha nó SE. Scaoileann cealla inár gcorp na boilgeoga beaga seo atá líonta le lasta go nádúrtha, a thaistealaíonn ansin agus a thógann cealla glactha suas iad. “Ba mhaith liom breathnú ar an luach teiripeach atá ag SE le haghaidh cnámh a leighis,” a deir sí.

In Ollscoil na Gaillimhe, áit a bhfuil comhcheapachán ag an Dr Brennan idir Scoil an Leighis agus Scoil na hInnealtóireachta, tá deontas mór le rá aici ón CET chun gaschealla fásta a dhíorthaítear ó smeara sa tsaotharlann a fhás ar bhealaí a spreagann iad a tháirgeadh SE a chuireann leighis chun cinn. “Tá timpeallachtaí fisiceacha agus ceimiceacha na gceall á modhnú againn de réir mar a fhásann siad,” a mhíníonn sí. “Ceadaíonn sé seo dúinn aithris a dhéanamh ar na leideanna a bheadh acu sa chorp agus mar sin iad a spreagadh chun SE níos cumhachtaí a scaoileadh.”

Le maoiniú DTTI FEÉ, tá a saotharlann ag cruthú scafaill bithábhair chun na SE cumhachtacha seo a chuimsiú, ionas gur féidir iad a sheachadadh chuig láithreacha gortaithe.



*an Dr Meadhbh Brennan, Ollscoil na Gaillimhe*

“Tá a fhios againn gur bealach éifeachtach iad scafaill chun gaschealla a sheachadadh, mar sin ba mhaith linn scafaill a úsáid chun na SE seo a sheachadadh chuig an suíomh,” a deir an Dr Brennan. “Tá priontáil 3T á úsáid againn chun na scafaill seo a fhorbairt, agus toisc go bhfuil SE á seachadadh acu seachas gaschealla beo, is dóigh linn gur próiseas níos cost-éifeachtaí a bheidh ann.”

Thosaigh a grá san innealtóireacht agus sa bhitheolaíocht le céim san innealtóireacht in Ollscoil na Gaillimhe, ansin PhD in innealtóireacht bhitheighis in Ollscoil Southampton. Nuair a bhog sí go dtí an Fhrainc d'fhorbair sí saineolas ar ghaschealla, ansin d'oibrigh sí in Ollscoil Harvard le ceannródaithe SE agus bithábhair. Anois tá SE agus scafaill á chur le chéile aici in Ollscoil na Gaillimhe.

Bhí iarratas déanta agam ar mhaoiniú FEÉ nuair a bhí mé sna SA, agus ba é an maoiniú sin an spreagadh chun filleadh air Éire agus bhunaigh mé mo thionscadal CET anseo,” a deir sí. “Agus i nGaillimh déanaim obair i dtimpeallacht a thacaíonn le taighde ildisciplíneach, agus ina bhfuil áiseanna déantúsaíochta ceall den scoth againn. Mar gheall ar na rudaí seo go léir, is féidir liom a fheiceáil i ndáiríre an taighde sa saotharlann á aistriú go sochair do othair amach anseo.”

08

# Sochair Shochaíocha agus Eacnamaíochta a Chumhachtú

Íomhá ó John Pius Dalton  
Ollscoil na Gaillimhe  
Teideal: Say Cheese, suckers

# Sochair Shochaíocha agus Eacnamaíochta a Chumhachtú

Infheistíonn FEÉ i smaointe den scoth agus i dtaighde a bhfuil tionchar aige chun cabhrú linn dul i ngleic go rathúil leis na dúshláin dhomhanda, shoचाíocha agus eacnamaíochta atá romhainn. Trí thacú le comhoibriú idir an saol acadúil, an rialtas agus an tionscal ar fud oileán na hÉireann agus go hidirnáisiúnta. Téann an infheistíocht seo chun tairbhe na tíre ar fad trí chruthú post a thiomáint, comhpháirtíochtaí taighde nua sa

tionscal acadúil a bhunú, cuideachtaí ilnáisiúnta a mhealladh, agus tacú le fás gnóthais bheaga agus mheánmhéide. Tacaíonn sé freisin le córas taighde agus nuálaíochta cuimsitheach, gníomhach atá lárnach chun aghaidh a thabhairt ar mhórchéistean sochaíocha, ó athrú aeráide go sláinte agus folláine, agus chun réitigh a sheachadadh ar mhaithe leis na glúine atá le teacht.

## Comhoibriú Neamhadúil

**3,864**

comhpháirtíochtaí tionscail (náisiúnta agus idirnáisiúnta)

**1,603**

comhpháirtíochtaí tionscail le corparáidí ilnáisiúnta

**2,720**

comhlacht ar leith

**1,481**

comhpháirtíochtaí tionscail le SMEanna

## Eolaíocht agus Tráchtálú

D'éirigh le taighdeoirí a fuair maoiniú ó FEÉ an méid seo a chur i gcrích:

**12**

mac-chuideachta

**48**

paitinn bronnta

**64**

paitinn comhdaithe

**68**

teicneolaíocht ceadúnaithe

**171**

aireagán nocta

## Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Thógáil

I 2022, tacaíodh le comhpháirtíocht taighde €5.87 milliún trí Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ chun ard-ardán forbartha agus comhtháthú bogearraí a tháirgeadh, i gcomhar le comhpháirtithe tionscail agus idirnáisiúnta.

Is tionscadal taighde faoi stiúir Ollscoil Luimnigh é R@ISE (Taighde in Innealtóireacht Bogearraí Tumthach) a imscrúdaíonn cuir chuige ísealchóid/gan chóid in innealtóireacht bogearraí, áit a bhfuil na huirlisí ag

forbróirí agus neamhforbróirí chun dearadh, forbairt, feidhmchláir a fhíorú agus a úsáid go tapa, le híosmhéid nó gan aon eolas roimh ré ar chódú, le haghaidh réitigh i mbainistíocht sonraí, príobháideacht agus slándáil.

Tacaithe ag cistiú meaitseála ó chomhpháirtithe ar nós Analog Devices, Stripe, Tines, Johnson & Johnson, agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, tacóidh an tionscadal le 22 mac léinn PhD agus ceathrar Comhaltaí Iardhochtúireachta.



An tOllamh James O'Donnell, Coláiste an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ

### Is é an Taighde Fuil Bheatha le haghaidh Fionnachtana Téachta

damáiste orgán a d'fhéadfadh a bheith marfach, taomanna croí agus strócanna. Sin an fáth go gcoinníonn ár gcorp téachtadh faoi smacht daingean. Agus trí dhírú ar phróitéin a dtugtar neamhaird air go minic sa phróiseas seo, tá fionnachtana móra déanta ag an haemaiteolaí comhairleach, an tOllamh James O'Donnell, faoina ról san fhulaingt ghéar agus ainsealach.

Tar éis a chéim leighis i CTBÁC, rinne an tOllamh O'Donnell oiliúint san Astráil agus i Londain agus chonaic sé lianna eolaithe ag obair. Spreag sé sin é le bheith ag iarraidh taighde téachta a chomhcheangal lena chleachtas cliniciúil féin. Laistigh de shé mhí ó glacadh le post cliniciúil in Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath, bronnadh Dámhachtain Taighdeora Óg Uachtarán na hÉireann de chuid FEÉ air, rud a chuir ar a chumas tús a chur lena shaotharlann bithcheimice.

“Ba í an dámhachtain FEÉ sin i ndáiríre cloch choirnél mo thaighde ar fad,” a deir an tOllamh O'Donnell, atá inniu ina Ollamh le Bitheolaíocht Soithíoch ag Coláiste an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ. “As sin bhí mé in ann duaiseanna a bhuachan ó ghníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Bord Taighde Sláinte, Foras Croí na hÉireann agus Institiúidí Náisiúnta Sláinte na SA. Tá tacaíocht leanúnach á fháil agam ó mhaoiniú FEÉ ó shin i leith.”

Díríonn go leor den taighde sin ar phróitéin ar a dtugtar von Willebrand Factor nó VWF, a fheidhmíonn mar chineál gliú chun cuidiú le téachtáin a fhoirmiú. Is féidir le fuiliú neamhrialaithe a bheith mar thoradh ar ró-bheag de, agus d'fhéadfadh téachtáin fhadhbacha a bheith mar thoradh ar an iomarca. “Is é galar Von Willebrand Factor, áit nach bhfuil go leor den próitéin agat, an neamhord fuilithe oidhreachtacha is coitianta, cuireann sé isteach ar thart ar dhuine as gach 1,000 duine in Éirinn,” a mhíníonn an tOllamh O'Donnell. “Ach is beag taighde atá déanta ar an bpróitéin seo, is é droch-ghaol na bhfactóirí téachta é.”

Bhí an tOllamh O'Donnell i gceannas ar staidéar Cohórt Íseal Von Willebrand in Éirinn (LOVIC) le déanaí, a d'aimsigh gur fhulaing mná fiú le heasnamh beag VWF fuiliú thar a bheith trom le linn míostrú, go raibh sé níos dóchúlú fuiliú tar éis breithe agus thart ar 10% go raibh a gcuid broinne bainte.

"Tá ár staidéar LOVIC á mhacasamhlú i mBostún anois le torthaí cosúla, agus tugadh aird mhór air ar fud an domhain," a deir an tOllamh O'Donnell, atá ina Stiúrthóir ar Ionad na hÉireann um Bhitheolaíocht Soithíoch. "Chuir ár staidéar le treoirínite an domhain maidir le diagnóis agus cóireáil galar VWF."

I 2020, bhí an tOllamh O'Donnell agus a chomhghleacaithe ar na chéad dreamanna a rinne taighde ar an bhfáth go raibh go leor micrea-téachtáin ina scamhóga go minic ag othair a raibh Covid-19 trom orthu, agus tá siad ag leanúint

ar aghaidh ag scrúdú ról na téachta i COVID fadmharthanach. D'aithin foireann an CRMÉ freisin le déanaí ról nua do VWF seachas gliú téachta. Fuair siad amach go spreagann sé athlasadh sa chorp freisin, rud a fhágann gur gníomhaire a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach é i raon leathan galair ainsealacha. "Tá ár dtaighde ag taispeáint na ról lárnacha atá ag VWF i sláinte agus galair," a deir an tOllamh O'Donnell. "Agus ciallaíonn sé sin gur féidir linn bealaí níos fearr a lorg chun othair a bhfuil cabhair uathu a aithint agus a chóireáil."

Tá an tOllamh O'Donnell i gceannas ar an **staidéar €4 milliún 'iPath' freisin, ag forbairt cóireáil phearsantaithe haemaifilia**. Le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Straitéiseach FÉÉ, feiceann sé taighdeoirí in Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte CRMÉ agus CTBÁC ag comhoibriú le himscrúdaitheoirí cliniciúla agus eolaíoch den scoth ó Shire.

## Comhroinnt Eolais a Chur Chun Cinn

Tacaíonn Comhaltacht TF&N Tionscail FEÉ le taighde, forbairt agus nuálaíocht (TF&N) sa tionscal trí dheis a thabhairt do chuideachtaí ar fud an domhain óstáil a dhéanamh ar shaineolaí acadúil ag céimeanna éagsúla dá ngairm bheatha a bhfuil PhD bainte amach aige nó aici.

I 2022, tugadh sé dheontas chun tacú le socrúcháin sealadach taighdeoirí acadúla i gcuideachtaí

chun tabhairt faoi thionscadail taighde i réimsí mar mhicribhitheolaíocht, réaltacht fhíorúil, biteicneolaíocht, creimeadh cósta, agus aille chíce. Soláthróidh na comhpháirtithe tionscail ar na dámhachtainí seo cómhaoiniú, agus éascóidh socrúcháin Chomhaltacht suas le bliain amháin go lánaimeartha, nó 24 mí go páirtaimseartha, taighde ceannródaíoch, atá bunaithe ar an tionscal agus roinnt eolais agus saineolais.

## Taighde Ardchaighdeán agus Ardtionchair a Chur Chun Cinn

I 2022 rinneadh infheistíocht de €18 milliún i 13 thionscadal bonneagair taighde thar 10 nInstitiúidí Ardoideachais, chun gníomhaíochtaí taighde ardchaighdeán agus ardtionchair a chur chun cinn in Éirinn.

Tacaíonn Clár Bonneagair Taighde FEÉ leis an bpobal taighde chun an cumas bonneagair riachtanach a thógáil agus a chothú chun fionnachtain agus nuálaíocht a fheabhsú agus a thacú, chomh maith le hiomaíochas fiontraíochta agus forbairt sochaíoch ar fud na réigiúin.

I measc na dtionscadal a maoiníodh tá áis tarchuir agus tréithrithe teiriherts (THz) ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a leathnóidh cumais reatha na hearnála ollscoile in Éirinn, a chumasóidh tuilleadh taighde idirdhisciplíneach agus a chuirfidh le saineolas na hÉireann i réimsí ina bhfuil THz mar phríomhtheicneolaíocht chumasúcháin.

## Réitigh Inbhuanaithe a Chumasú Trí Mhaoiniú Dúshlánbhunaithe



Foireann Grain-4-Lab ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Oibríonn maoiniú dúshlán-bhunaithe chun dul i ngleic leis na dúshlán shochoíoch is mó atá againn trí dhírú ar réitigh mholta a fhorbraítear thar amlínte dochta. Bronnadh dhá dhuis de €2 mhilliún i 2022, ag infheistiú i dtaighde breise le haghaidh réitigh inbhuanaithe ar fhadhbanna laethúla. Fuair foireann Grain-4-Lab ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath €2 mhilliún de mhaoiniú sa Dúshlán Plaistigh chun leanúint ar aghaidh ag forbairt a réiteach chun earraí intomhalta saotharlainne inbhuanaithe a dhéanamh ag baint úsáide as dramhaíl a tháirgtear ón tionscal grúdaireachta agus driogtha. Bronnadh duais dara háit de €250,000 ar an bhfoireann Plaistigh gan Mhiceaplaisteach ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ba iad taighdeoirí ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Teagasc san fhoireann Leaf No Waste a bhuail an Dúshlán Bia, atá ag obair ar seilfré táirgí úra a leathnú trí mheascán de phlandaí treisithe agus pacáistiú nua inmhúirínithe.

Bhí deich bhfoireann san iomaíocht i nDúshlán Nuálaíochta na hEagraíochta Cosanta FEÉ i 2022, a raibh de chúram orthu teacht ar réitigh le haghaidh na ndúshlán atá roimh Óglaigh na hÉireann. I measc na smaointe bhí gléas iniompartha a aimsíonn oibreáin bhitheolaíoch, teicneolaíocht IS chun cabhrú le hAerchór na hÉireann falscaí a chomhrac, teicnící nua chun cumarsáid raidió a fheabhsú agus córas comhoibríoch le go n-oibreoidh daoine agus róbaít le chéile chun aerárthaí a ainliú. Bhí seacht bhfoireann taighde gníomhach freisin sa Dúshlán Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i gcomhpháirtíocht le Cúnamh Éireann, ag obair ar bhealaí chun sláinte agus folláine a fheabhsú thar aoisghrúpaí éagsúla i dtíortha comhpháirtíochta.



Thug Tascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin Eorpaigh cuairt ar FEÉ i 2022. Sa phictiúr (c-d): Isabel Grilo, Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais; Maria Teresa Fabregas Fernandez, Stiúrthóir, Ard-Rúnaíocht an Tascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta; Declan Costello, Leas-Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais, in éineacht leis an Dr Ciarán Seoighe, Leas-Ard-Stiúrthóir ag FEÉ agus an Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir Eolaíochta don tSochaí, FEÉ.

Ag tógáil ar thaithí ó dhuisceanna Nuálaithe na Toghcháin, thug FEÉ isteach an Ciste Dúshlán Náisiúnta, clár €65 milliún faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta agus atá maoinithe ag saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an AE. Tá ocht ndúshlán leagtha síos thar an dá théama, an t-aistriú glas agus an trasfhoirmiú digiteach. Tugann an Ciste Dúshlán Náisiúnta cuireadh d'fhoirne trasdisciplíneacha taighde gníomhach a dhéanamh chun fadhb ar leith a d'aithin siad a réiteach. Ní mór Seaimpín Tionchair Sochaí a bheith ar na foirne chun ionadaíocht a dhéanamh ar gheallsealbhóirí agus tairbhíthe ionchasacha an réitigh.

Faoi mhí na Nollag, bhí na 26 fhoireann a ghlac páirt sa chéad dá dhúshlán roghnaithe. Faigheann na foirne oiliúint agus treoir, lena n-áirítear ceardlanna i láthair go pearsanta ar theoiric an athraithe, smaointeoireacht dearaidh agus fiontraíocht atá bunaithe ar fhianaise. Ullmhaíonn sé sin iad chun díriú ar na geallsealbhóirí agus ar na tairbhíthe ionchasacha, chomh maith le gnéithe teicniúla an Dúshlán. Beidh thart ar 90 foireann san iomlán rannpháirteach sa Chiste Dúshlán Náisiúnta.

Thug FEÉ iarratasóirí beartaithe isteach chuig baill de ranna Rialtais chun topaicí ábhartha a aithint a thagann lena spríocanna straitéiseacha. D'óstáil FEÉ cuairt freisin ó chomhaltaí Thascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin Eorpaigh (TTACE) chun cuspóirí agus sceideal na ndúshlán a mhíniú.

## Maoiniú Seachtrach Faighte ó Thaighdeoirí arna Maoiniú ag FEÉ, 2022

Foinse	Maoiniú faighte
An tAontas Eorpach	€85,151,019.00
Fiontraíocht Phríobháideach	€61,253,430.67
Fiontraíocht Éireann – Dámhachtainí Tráchtálaithe agus Neamhthráchtálacha	€26,315,544.00
Foinse Eile Rialtas na hÉireann	€25,780,233.33
An Bord Árachais Sláinte	€18,785,576.05
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	€12,928,043.20
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Éire	€8,671,448.17
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	€5,370,209.14
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	€4,360,955.49
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	€4,025,671.75
Foras na Mara	€3,705,172.00
Foinsí Rialtas Idirnáisiúnta Eile	€3,490,362.52
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	€2,277,064.00
Eagraíocht Charthanachta/ Sheachbhrabúsach (Idirnáisiúnta)	€1,315,507.99
Institiúid Náisiúnta Sláinte SAM	€1,154,041.00
Teagasc	€876,000.00
Wellcome Trust	€839,236.00
Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta SAM (FEN)	€496,999.00
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha	€352,750.00
<b>Iomlán</b>	<b>€267,149,263</b>

## Luach ar Airgead a Ghiniúint, FEÉ

Lean taighdeoirí maoinithe ag FEÉ a gcuid feabhais eolaíochta a léiriú, mar aon le tábhacht a dtaighde, brabús ar infheistíocht agus luach ar airgid le linn 2022.

- ▶ D'éirigh le taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ €267 milliún ó fhoinsí éagsúla.
- ▶ D'éirigh le taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ €85 milliún a fháil ó fhoinsí AE.
- ▶ B'ionann maoiniú ó fiontraíocht príobháideach agus €61.2 milliún.
- ▶ Is é 1:1.6 an cóimheas maoinithe ó NeamhStáitchiste na hÉireann go Stáitchiste na hÉireann.

- ▶ Is é 1:0.88 an cóimheas idir maoiniú náisiúnta agus maoiniú idirnáisiúnta.
- ▶ In 2022, shínigh Ionaid Taighde FEÉ 136 comhaontú comhthaighde (CCanna), agus bhí 73 dóibh le comhlachtaí idirnáisiúnta agus bhí coimítmint tionscal dá luach €32.2 milliún ann.



## Ionaid Taighde FEÉ

Tá an líonra de 16 Ionad Taighde FEÉ atá ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain ag tacú le taighde bunathraithe, fionnachtain agus nuálaíocht a sheachadadh, chomh maith le mic léinn a oiliúint le scileanna ríthábhachtacha, ar a bhfuil éileamh, ag cur le fiontraíocht agus tionscal, ag tacú le forbairt réigiúnach, agus ag cur le cáil idirnáisiúnta na hÉireann.

Nascann siad eolaithe agus innealtóirí i gcomhpháirtíochtaí ar fud 1,101 comhlacht taighde ar fud na cruinne agus tá 1,426 comhaontú taighde comhoibríoch sínithe acu le 688 cuideachta – a bhfuil 366 acu in Éirinn. As na 688 cuideachta seo, is cuideachtaí ilnáisiúnta 317 dóibh, agus is fiontair bheaga agus mheánmhéide 340, agus sa chuid eile tá meascán de ghnólachtaí nuathionscanta agus de chatagóirí cuideachtaí ‘eile’.



Tiomantas Tionscail

**€638 milliún**

**€684 milliún ó FEÉ**

## Infheistíocht sa Tionscal a Spreagadh

Rinne staidéar de chuid Ollscoil Luimnigh a foilsíodh i 2022 san iris Taighde ar Bheartais, faoi stiúir an Ollaimh Helena Lenihan, anailís ar luach Chlár na Lárionad Taighde FEÉ atá maoinithe go poiblí. Fuarthas amach go mbíonn claonadh ag cuideachtaí a chomhoibríonn leis na hIonaid a n-infheistíocht i dtaighde agus forbairt (T&F) a mhéadú, ag atreorú a gcaiteachas ar T&F i dtreo cineálacha taighde níos eolaí. Fuarthas amach sa staidéar go bhfuil acmhainneacht níos mó le haghaidh smaointe cheannródaíoch agus nuálaíochtaí suaiteacha mar thoradh ar Chlár na Lárionad Taighde FEÉ, rud a chuir borradh faoi gheilleagar na hÉireann, agus rud a fhágann go bhfuil sé níos iomaíche agus níos athléimní. Fuarthas amach freisin gur tháinig méadú ar dhéine T&F intí na ngnólachtaí a chomhoibrigh le hIonaid Taighde FEÉ sa tréimhse 1–2 bhliain tar éis don chomhoibríú tosú, agus go méadaíonn sé seo le himeacht ama. Ina theannta sin, féadfaidh comhoibríú le lárionaid taighde atá maoinithe go poiblí an chomhpháirt taighde de T&F

intí na ngnólachtaí a spreagadh, ach tógann sé am chun an tionchar sin a thabhairt chun críche. Chomh maith leis sin, cé gur mó an tionchar a bhíonn ag comhoibríú ar T&F intí na ngnólachtaí ar an iomlán do ghnólachtaí móra, tá méadú níos mó ar threoshuíomh taighde feidhmeach ag FBM.



*“Tá claonadh ag cuideachtaí a chomhoibríonn le hIonaid Taighde FEÉ a n-infheistíocht i T&F a mhéadú.”*

## Aschuir carnach na nIonad Taighde FEÉ san iomlán go dtí deireadh na bliana 2022

Príomhthorthaí	Carnach go dtí 2022
Foilseacháin irisí	14,727
Foilseachán Comhdhála	6,980
Céimithe MSc/MEng	228
Céimithe PhD	1,850
% d'Oiliúnaithe ag Fágáil i dtreo na hEarnála Thráchtála	35%
Rannpháirtíocht AE	717
Comhordú AE	159
Dámhachtainí ERC	65
Dámhachtainí Tráchtálaithe EI	508
Comhaontuithe um cheadúnais	349
Mac-chuideachta cuimsithe	59

Go dtí seo, fuair Ionaid Taighde FEÉ an méid seo a leanas:

**€417.3** milliún i maoiniú neamhstáitchiste, neamhthráchtála

**€354.9** milliún ó thionscal

**508** Dámhachtainí Tráchtálaithe EI

**349** Comhaontuithe ceadúnas

**59** Mac-chuideachta

**22** Dámhachtainí FEÉ Spoke

Go dtí seo, tá Ionaid Taighde FEÉ ina dhiaidh:

Páirt a ghlacadh i **876** tionscnamh mór maoinithe ag an AE agus 65 duais mór le rá ón Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET) a bhaint.

Timpeall **€352 milliún** de mhaoiniú carnach Horizon 2020 a tharraing anuas agus tá coimhlint tionscail dá luach €638 milliún acu.

Comhoibríthe le **1,101** comhlacht taighde ar fud an domhain.

## Ionaid Taighde FEÉ a thairbheann TF&N don Tionscal

I 2022, leathnaigh Ionad Taighde Insight FEÉ um Anailísíocht Sonraí a gcomhpháirtíocht taighde le cuideachta seirbhísí airgeadais domhanda, Fidelity Investments. De réir mar a théann eagraíochtaí níos mó agus níos mó chuig bainistíocht uathoibríoch nó leath-uathoibríoch seirbhíse do chustaiméirí ag baint úsáide as gníomhairí comhrá digiteacha, ar a dtugtar bota comhrá, ní mór do ghnólachtaí a bheith in ann

iniúchadh a dhéanamh ar an eolas atá in úsáid ag bota comhrá chun aon earráid in aisghabháil faisnéise a íoslaghdú. Tá paitinn SAM ginte ag obair leanúnach Insight le Fidelity (Mohanty et al, 2022) a bhaineann le heastóscadh graif eolais fiontair a fheabhsóidh a leithéid de chórais molta atá dírithe ar chustaiméirí, rud a thaispeánann an luach is féidir le Ionaid Taighde FEÉ a thabhairt do thaighde agus d'fhorbairt tionscail.

## Spotsolas ar Rath na hÉireann i Horizon Europe

Thosaigh clár Horizon Europe ina dhara bliain i 2022, agus tháinig torthaí ó chlár oibre 2021 agus 2022 araon. Chonacthas torthaí rathúla náisiúnta sa chéad leath den bhliain trí na trí phríomhghlao ó chlár oibre 2021, agus roinnt torthaí iontacha tríd an nglao Cruthúnas Coincheap 2022. Idir an dá linn, fógraíodh ag deireadh na bliana an chéad rath náisiúnta ag Éirinn ar ghlaó sineirgíochta CET i ETIM, chomh maith le rath trí ghlaó Deontas Tosaigh 2022. Faoi dheireadh 2022, thug na comhthorthaí seo ár suim náisiúnta de dhámhachtainí an CET go beagnach €49 milliún thar gach réimse. Tá ról an Toscaire Náisiúnta ag FEÉ don CET agus is í an Pointe Teagmhála Náisiúnta do na hEolaíochtaí Beatha agus na hEolaíochtaí Fisiceacha araon.

Is Príomh-Imscrúdaitheoir de chuid FEÉ agus bronnadh Teorainneacha don Todhchaí é an tOllamh Pádraig Dunne i Scoil na Fisice COBÁC. I 2022 bhí sé ar an gcéad taighdeoir ETIM in Éirinn a chuaigh i gcomhpháirtíocht le Deontas Sineirge CET. Tá an tOllamh Dunne i gcomhpháirtíocht le taighdeoirí ó Ollscoil Chóbanhávan (An Danmhairg), Ionad GSI Helmholtz um Thaighde ian Trom (An Ghearmáin), agus Ollscoil Queens, Béal Feirste (RA) ar thionscadal réaltfhisice, ag scrúdú conas a dhéanann cumaisc réalta neodrón eilimintí troma.

“

Úsáidfidh ár bhfoireann ár dtaithí ar phlasma a tháirgtear le léasair, in éineacht le teicnící speictreascópachta nua agus a

*forbraíodh le déanaí, chun sonraí adamhach bunúsacha a sholáthar. Cuirfidh na sonraí go mór lenár dtuiscint ar Kilonovae agus ar fhisic foirmiú na n-eilimintí troma.”*

**An tOllamh Pádraig Dunne, COBÁC.**

Thug Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (GFCET), cuairt ar Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2022 le haghaidh an imeacht faisnéiseach leis an Ollamh Nektarios Tavernarakis, Leas-Uachtarán Chomhairle Eolaíochta an CET, agus ann roinn baill den GFCET comhairle ar réimse ábhar bainistíochta deontas. Thug an tOllamh Maria Leptin, Uachtarán Chomhairle Eolaíoch an CET cuairt ar Éirinn freisin i 2022, ag tabhairt eochairléacht ar an tionchar atá ag leasú ar mheasúnú taighde ag comhdháil ar thodhchaí an ardoideachais ar oileán na hÉireann. Cheap an Coimisiún Eorpach an tOllamh Luke O'Neill (COBÁC) mar cheann de chúigear ball nua de chomhlacht rialaithe an CET, an Chomhairle Eolaíoch.

I 2022, sheol FEÉ Clár Tacaíochta an CET chun institiúidí Éireannacha a chur chun cinn chun taighdeoirí a fhaigheann maoiniú ón CET ó lasmuigh d'Éirinn a earcú chun cabhrú le dámhachtaí CET earcáithe trí áiseanna agus bonneagar den scoth a sholáthar.

## Teicneolaíocht ag Cumhachtú Saoránaigh agus an Ghaeilge

Seoladh an clár taighde comhoibríoch 'Dún Laoghaire Cliste' chun tionscadail nuálacha taighde agus teicneolaíochta a sheachadadh chun oiriúnú agus maolú ar athrú aeráide a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath. Tá sé cómhaoinithe ag Clár Taighde Cumasaithe FEÉ trí Ionad Taighde FEÉ CONNECT agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Chomhoibrigh Ionad Taighde ADAPT FEÉ do Theicneolaíocht Ábhar Digiteach faoi thiomáint IS, arna óstáil ag CTBÁC, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i 2022 ar an tionscnamh **Baile Átha Cliath Cliste**, ag iniúchadh réitigh nuálaíochta sláinte agus folláine do phobail áitiúla. Faoin tionscnamh, tá dhá thionscadal, an tionscadal Digital Twin agus an tionscadal Smart D8, ag tabhairt soláthraithe teicneolaíochta, an saol acadúil, eagraíochtaí áitiúla agus saoránaigh le chéile chun úsáid sonraí a iniúchadh chun cáilíocht na beatha a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá roimh phobail áitiúla sa cheantar. Áireoidh sé monatóireacht ar cháilíocht an aeir, anailís ar shrutha tráchta agus tuiscint níos fearr ar úsáid fuinnimh agus tuilte.

I 2022, d'oibrigh an fhoireann taighde ar Theicneolaíocht na Gaeilge (TG) ag Ionad Taighde ADAPT FEÉ in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le Rannóg an Aistriúcháin do Thithe an Oireachtais, chun comhaid Chuimhne Aistriúcháin den reachtaíocht phríomha (na hAchtanna) sonraí oidhreachta, a



chuimsíonn an tréimhse 1960-2018 a sholáthar. Tá na hacmhainní seo **an-tairbheach d'aistritheoirí Gaeilge** mar go dtabharfaidh sé deis dóibh ábhar a aistríodh roimhe seo a athúsáid ag baint úsáide as bogearraí aistriúcháin den scoth.

## A Little Light Listening

Chuaigh an tsraith phodchraoltaí ón Lárionad Taighde IPIC FEÉ um Fhótóinic, A Little Light Listening, ó neart go neart i 2022. Éist leis an gcaoi a bhfuil teicnící fótóinic


á bhforbairt acu chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiúlacht scamhóg i leanaí réamhaibí **anseo**.

## Forbairt Réigiúnach

D'fhógair Lárionad Taighde Insight FEÉ um Anailísíocht Sonraí **infheistíocht** de €350k i gcomhoibriú nua leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus na hOllscoileanna Teicneolaíochta nua. Tá na seacht dtionscadal nua, a thacóidh le 20 post taighde nua, le Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM), Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.

Is é próifíl inscne an chohórt taighde nua ná 50:50 fir/mná, agus i measc na réimsí taighde tá sceidealú tíosach ar fhuinneamh don tionscal, réamhtháscairí stíl mhaireachtála don néaltrú agus intleacht shaorga shábháilte (IS) le haghaidh feistí leighis. Tá sé mar aidhm ag na sineirgí taighde nua seo ar fud na réigiún an tsochaí, an tsláinte, an teicneolaíocht agus an tionscal a athrú chun feabhais.

# 09



## Nuashonruithe Beartais Taighde FEÉ

Íomhá ó Raman Bekarevich  
Coláiste na Tríonóide, Baile  
Átha Cliath  
Teideal: An Iorg

# Nuashonruithe Beartais Taighde FEÉ

## Comhionannas Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a Fheabhsú

Mar chomhpháirtí comhordaithe an Phobail Cleachtas<sup>1</sup> (PC de chuid na nEagraíochtaí Maoinithe um Chomhionannas Inscne (EMCI), rannchuidigh FEÉ le foilsiú dhá thuarascáil shuntasacha i 2022. Rinne sé achoimre ar na haschuir ó cheardlann EMCI PC leis an Ollamh Londa Schiebinger ó Ollscoil Stanford, ar ghné gnéis agus inscne sa phróiseas maoinithe taighde agus nuálaíochta<sup>2</sup>.


Bhí an dara ceann mar thoradh ar cheardlann a d'eagraigh grúpa maoinitheoirí Dhearbhú San Francisco ar Mheasúnú Taighde (DORA) agus an EMCI PC maidir le húsáid CVanna innte a bharrfheabhsú agus le claonadh a mhaolú ina measúnú<sup>3</sup>. Bhí breis agus 120 rannpháirtí ó níos mó ná 40 eagraíocht maoinithe ar fud 22 tír sa cheardlann, arna éascú ag an Dr Claartje Vinkenburg. Thacaigh an tionscadal ACT, arna mhaoiniú ag Horizon 2020, leis an tionscadal<sup>4</sup>.

## Deais Inscne FEÉ

Mar chuid de thiomantas FEÉ trédhearcacht a sholáthar ina próisis athbhreithnithe, d'fhoilsigh FEÉ dhá dheais idirghníomhacha<sup>5</sup> i 2022, a chuir anailís ar fáil ar rátaí ratha imdhealaithe inscne agus ar mhéideanna maoinithe thar phunann deontas FEÉ ó 2012 go 2021.

Áiríonn Deais Inscne FEÉ líon na n-iarratas agus na ndeontas a bronnadh, rátaí ratha agus meánmhéid na ndeontas a dámhadh de réir inscne (dénártha), agus taispeánann an Deais Anailíse Maoinithe meánmhéid na ndeontas a iarrann iarratasóirí agus meánmhéid na ndeontas a dámhadh, de réir inscne (dénártha).

Leanann na sonraí, atá ar fáil le húsáid saor in aisce agus ceadúnaithe faoi Ceadúnas Sannta Creative Commons (CSCC), ag tacú go bhfuil rátaí ratha d'iarratasóirí fir agus mná inchomparáide, agus go leantar le hiarratais a dhéanann, agus deontais arna mbronnadh ar mhná, ag ardú.



1 <https://for.gen.act-on-gender.eu/>  
 2 <https://zenodo.org/record/7388875#.ZC5z2nbMJJaY>  
 3 <https://zenodo.org/record/5799414#.ZC5003bMJab>  
 4 <https://act-on-gender.eu/>  
 5 <https://www.sfi.ie/funding/sfi-policies-and-guidance/gender/dashboard/>

## Straitéis Inscne FEÉ

Chríochnaigh Ollscoil Catalunya athbhreithniú i 2022 ar Straitéis Inscne FEÉ (2016-2020) agus ar an obair bhunúsach chun tacú le forbairt straitéis FEÉ (seachtrach) um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI). Rinne coiste maoirseachta athbhreithniú agus thug siad aiseolas ar na doiciméid go léir. Léirigh an t-athbhreithniú gur éirigh go maith le FEÉ i gcomparáid lena Straitéis Inscne 2016-2020, go háirithe maidir le cothromaíocht inscne i bpunann deontas FEÉ, agus ag an am céanna ag aithint réimsí le haghaidh feabhsúcháin trí straitéis CéI níos leithne a fhorbairt, atá ar siúl faoi láthair.

Coimisiúnaíodh saineolaí CéI seachtrach chun dul i mbun próiseas leathan comhairliúcháin. Ag baint úsáide as cur chuige rannpháirteach, ionchuimsitheach, chuathas i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear iad siúd ó eagraíochtaí

a dhéanann ionadaíocht thar ceann grúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas. Chinntigh an cur chuige seo gur méadaíodh glórtha na ndaoine a raibh tionchar díreach ag beartais agus fócas straitéiseach FEÉ orthu, agus gur tháinig feabhas ar ár dtuiscint ar dhúshláin agus ar chonstaicí a bhaineann le CéI feadh shaolré an oideachais ETIM.

Tá sprioc uailmhianach leagtha síos ag Straitéis FEÉ 'Ár dTodhchaí a Mhúnlú 2025' chun 35% ar a laghad a bhaint amach de mhná faoi 2025 mar cheannairí taighde chun éiceachóras taighde níos cothroime, níos éagsúil agus níos ionchuimsithe a chinntiú, agus chun éagsúlacht Institiúidí Ardoideachais na hÉireann a léiriú. I 2022, ba mhná iad 29% de shealbhoirí deontais FEÉ, a léirigh Príomhionscrúdaitheoirí agus Comhphríomhionscrúdaitheoirí araon, agus ba mhná iad 42% de bhaill foirne deontais FEÉ.

## Ag Tacú leis an gCleachtas is Fearr i dTaighde

I rith 2022, lean FEÉ ag obair lena comhairleoir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar phróisis a thacaíonn le sláine a hinfeistíochta taighde agus aschuir ghaolmhara, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le Pleananna Bainistíochta Sonraí (PBS). Is doiciméad beo é plean bainistíochta sonraí a shonraíonn na nósanna imeachta chun sonraí agus aschuir taighde eile a láimhseáil go cúramach agus is príomhghné é chun cáilíocht agus iontaofacht taighde a chinntiú. Le linn 2022, rinneadh an ceanglas maidir le PBS a chur isteach ag an gcéim iarratais a rolladh amach thar go leor Glaonna Cláir FEÉ le linn 2022. Forbraíodh tuilleadh treorach ar an bpróiseas Athbhreithnithe ar Fhoinsé Sonraí le linn 2022 agus tá sé á cur i bhfeidhm faoi láthair sa phróiseas athbhreithnithe ar dhul chun cinn an chláir.

Ghlac FEÉ páirt i bPobal Cleachtas an Fhórait Náisiúnta um Ionracas Taighde (FNIT) chun foghlaim FEÉ a roinnt leis an bpobal i gcoitinne. Tá Ard-Stiúrthóir FEÉ, an tOllamh Philip Nolan, ina bhall de Ghrúpa Stiúrtha an FNIT, áit a bpléitear saincheistean straitéiseacha a bhaineann le hlompar Taighde agus Ionracas Taighde i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara sinsearach.

I 2022, d'fhorbair FEÉ **uirtilis féinmheasúnaithe** chun tacú le heagraíochtaí a dhéanann taighde i láidreachtaí a gcuid beartas agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a mheas.

Tháinig FEÉ chun a bheith ina ball den Chomhghuaillíocht chun Measúnacht Taighde a Chur Chun Cinn (**CMTCCC**), tar éis di an Comhaontú um Athchóiriú a dhéanamh ar Mheasúnú Taighde i rith mhí na Nollag 2022 a shíniú. Tiomnaíonn an bhallaíocht seo FEÉ do threoir chomhroinnte maidir le hathruithe ar chleachtas mheasúnaithe le haghaidh taighde, taighdeoirí agus eagraíochtaí a dhéanann taighde, leis an sprioc uileghabhálach cáilíocht agus tionchar an taighde a uasmhéadú.

Beidh FEÉ rannpháirteach mar bhall de CMTCCC sna blianta atá le teacht. Chun na gníomhaíochtaí seo a chomhlánú, leanfaidh FEÉ a bheith rannpháirteach i gceardlanna geallsealbhóirí chun aghaidh a thabhairt ar phríomhghníomhaíochtaí **Chlár Oibre Beartais an Limistéir Taighde Eorpach (LTE)**. Baineann príomhghníomhaíocht #3 maidir le hathchóiriú an chórais measúnaithe taighde le hobair CMTCCC agus le cur i bhfeidhm an chomhaontú ar Mheasúnú Taighde a Athchóiriú. Léiríonn bunphrionsabal CMTCCC go leor de na tionscnaimh a bhfuil baint ag obair FEÉ leo ar an CV Inste agus an **Dearbhú ar Mheasúnú Taighde (DAMT)**.

## Aschuir Taighde Inrochtana Oscailte do Chách

I rith 2022, bhí 79% de na hailt bhunaidh agus athbhreithnithe ar fáil go hoscailte, mar a chinn anailís Unpaywall. Léiríonn sé seo méadú phointe de 5 méid faoin gcéad ar shonraí a d'eascair ón anailís chéanna a rinneadh i 2010 agus léiríonn sé stádas 'oscailte' na bhfoilseachán ag pointe ama.


Mar sin, níl an téarma "ar fáil go hoscailte" ag ailíniú go hiomlán le Beartas Rochtana Oscailte FEÉ, a éilíonn go mbeadh foilseacháin ar fáil láithreach (gan lánchosc) ó dháta foilsithe (ór/diamant/glas) agus faoi cheadúnas CSCC.

Leanann FEÉ ag obair go dlúth le **Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann**, cuibhreannas ceadúnaithe ríomh-acmhainní atá maoinithe go náisiúnta a sholáthraíonn rochtain ar acmhainní ar líne d'institiúidí ardoideachais Éireannacha rannpháirteacha, agus ceannairí san Fhóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte (FNTO)<sup>6</sup>, i dtreo bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le haistriú go 100% Rochtain Oscailte. I gcomhar le comhghleacaithe ó Chomhghuaillíocht S<sup>7</sup>, bhí FEÉ i gceannas ar fhorbairt suirbhé chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchair Phlean S<sup>8</sup> agus leanann sí ag bailiú sonraí tríd an tairseach seo chun cabhrú le taighdeoirí a gcuid oibre a fhoilsiú de réir phrionsabail Phlean S.

Mar gheall ar athruithe leathana ar thórdhreach Rochtana Oscailte go hidirnáisiúnta, rinne FEÉ a Beartas Rochtana Oscailte<sup>9</sup> a nuashonrú i 2022. Áiríodh leis an nuashonrú simpliú ar an leagan amach agus ar an teanga a úsáideadh chun a chinntiú go bhfuil ceanglais chomhlíonta Rochtana Oscailte níos soiléire agus níos beachta, agus soiléiríú á tabhairt ag an am céanna ar phointí nach dtuigtear go minic fúthu maidir leis an íocaíocht Muirir Próiseála Airteagail (MPA), foclaíocht um Choinneáil Cearta, agus bealaí foilseacháin Rochtana Oscailte comhlíontacha. Nuashonraíodh agus feabhsaíodh na CCanna maidir le Rochtain Oscailte<sup>10</sup> agus cuireadh sonraí leis an Straitéis um Choinneáil Cearta<sup>11</sup>.

D'fhorbair FEÉ Treoir Foilsitheoireachta Rochtana Oscailte<sup>12</sup> chun treoir céim ar chéim a sholáthar do thaighdeoirí maidir le conas Rochtain Oscailte a fhoilsiú i gcomhréir le Beartas Rochtana Oscailte FEÉ. Leagann an treoir béim ar pointí tábhachtacha ón mBeartas Rochtana Oscailte, chomh maith leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, ag soláthar treochlár simplithe chun Rochtain Oscailte a fhoilsiú nuair a bhíonn maoiniú FEÉ á fháil.

Áiríodh dhá cheist bhreise sa Phróifíl Taighde chun cabhrú le sonraí níos cruinne a bhailiú agus feasacht a scaipeadh faoi riachtanais Bheartas Rochtana Oscailte FEÉ. Le linn Aschuir Taighde, ceanglaítear ar shealbhóirí deontais FEÉ ceist amháin a fhreagairt maidir le stádas Rochtana Oscailte gach foilseacháin. Cuireadh dhá cheist bhreise leis mar chuid d'Aschuir Taighde 2022 maidir le foclaíocht um Choinneáil Cearta agus cur i bhfeidhm Cheadúnas Sannta Creative Commons (CS-CC). Bhí sé i gceist anseo feasacht a mhéadú agus tuiscint bhreise a spreagadh le lorg ag Pobal Taighde FEÉ maidir leis na buntáistí a bhaineann le Rochtain Oscailte agus bealaí comhlíonta.



6 <https://norf.ie>

7 <https://www.coalition-s.org>

8 Bpáipéir léannta arna maoiniú ag FEÉ a chuirtear isteach lena bhfoilsiú a bheith ar fáil go hoscailte láithreach (gan lánchosc) ar fhoilsiú. Ceanglaítear ar údair freisin ceadúnas cóipchirt Creative commons nó CS-CC a chur i bhfeidhm, rud a chinntíonn athúsáid agus dáileadh a gcuid saothair. Tá úsáid na Foclaíocht um Choinneáil Cearta sainordaithe freisin, nuair is gá.


9 <https://www.sfi.ie/funding/sfi-policies-and-guidance/open-research/SFI-Open-Access-Policy.V.4-2022.pdf>

10 <https://www.sfi.ie/funding/sfi-policies-and-guidance/open-research/SFI-Open-Access-FAQs.pdf>

11 <https://www.coalition-s.org/resources/rights-retention-strategy/>

12 <https://www.sfi.ie/funding/sfi-policies-and-guidance/open-research/SFI-Open-Access-Publishing-Guide.pdf>

# 10



## Rialachas Ráiteas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, Struchtúr Eagrúcháin agus Fógraí Reachtúla

Íomhá ó Cian O'Connor  
CRMÉ Ollscoil an Leighis agus  
na nEolaíochtaí Sláinte  
Teideal: Corda an Dromlaigh  
Féileacán

# Comhaltaí an Bhoird d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Comhaltaí an Bhoird ón 30 Aibreán 2023 amach



## An tOllamh J. Peter Clinch

**Cathaoirleach an Bhoird, Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)**

Ceapadh an tOllamh J. Peter Clinch mar Chathaoirleach ar an mBord i mí Lúnasa 2019. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais roimhe seo mar ar thug sé a sheirbhís mar chomhairleoir sinsearach neamhspleách don Rialtas ar iomaíochas, trádáil agus beartas geilleagair. Tá Peter ina iar-Leasuachtarán ar OCBÁC, an ollscoil ina bhfuil sé mar Chathaoirleach na Polasaithe Poiblí Jean Monnet chomh maith leis a ról mar Chomhalta na Dáimhe Cleamhnaithe den chlár iomaíochais ag an Institiúid um Straitéis, i Scoil Ghnó Harvard. Bhí poist chuartaíochta, nó bhí sé ina aoichainteoir sna hollscoileanna seo, i measc ollscoileanna eile, a leanas: Ollscoil California, Berkeley agus San Diego, Ollscoil Oxford, Ollscoil Cambridge, Ollscoil Southern California agus Scoil Rialtais John F. Kennedy in Ollscoil Harvard. Thug Peter a gcuid comhairle, i measc cuid eile, don Bhanc Dhomhanda, don Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus do roinnt rialtais agus gníomhaireachtaí eile. Téann eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhairle leis go rialta ar chúrsaí straitéis agus rinne sé obair shuntasach maidir le raon leathan réimsí beartais ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal na hEorpa. Tá céim BA agus MA céadonóracha san eacnamaíocht aige, mar aon le PhD, Diplóma i Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus is céimí de chuid an Chláir Ard bhainistíochta i Scoil Ghnó Harvard é, chomh maith le Clár na Stiúrthóirí Idirnáisiúnta ag Instead. Tá sé in údar le 200 foilseachán agus páipéar ar ghnéithe éagsúla d'fhorbairt gheilleagair inbhuanaithe. In 2017, bronnadh Comhaltacht Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta le haghaidh taighde oiric agus obair mhór ar bheartas.



## Aidan W. Donnelly

**Stiúrthóir, Ion Renewables Ltd.**


Is Stiúrthóir bunaitheora de Ion Renewables Ltd. é Aidan Donnelly, comhlacht stórála fuinnimh. Tá suim aige i roinnt comhlachtaí réadmhaoine agus timpeallachta tionscnamh chomh maith. Anuas air sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar NORA, gníomhaireacht Rialtas na hÉireann a bhfuil an fhreagracht air as Cúltais Náisiúnta Ola na hÉireann. Tá taithí fhairsing ag Aidan ar fhorbairt agus ar bhainistíocht cuideachtaí ilnáisiúnta a dhíríonn ar an teicneolaíocht in Éirinn amhail Xerox (Eoraip) Teo., Quantum Peripheral Products Teo., Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Teo.) agus an ceann is déanaí, ServeCentric Teo. Ar feadh breis agus 12 bhliain, rinne Aidan seirbhís in arm na hÉireann, ina raibh sé ina Chaptaen ar Chór Ordanáis an Airm. Fuair sé MBA (in OÉG), MIE (i gOCBÁC) agus BSc (in OÉG) agus is Stiúrthóir Cairte é le hInstitiúid na Stiúrthóirí in Éirinn.



## Máire Geoghegan-Quinn

**Iar-Choimisinéir AE maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht**

Bhí Máire Geoghegan-Quinn ina coimisinéir Eorpach do Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ó 2010-2014. Mar Choimisinéir bhunaigh sí an tionscnamh 'Aontas Nuálaíochta'; chuir sí an Réimse Eorpach um Thaighde chun cinn; agus sheachaid sí an creachtlár taighde ba mhó riamh, Fís 2020, le méadú buiséid 30% (€80 billiún san iomlán le haghaidh taighde agus nuálaíochta). Bhí an fhreagracht pholaitiúil aici as dhá ard-stiúrthóireacht – an Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde. I mí an Mhárta 2021, ceapadh Máire mar chathaoirleach an údarais rialaithe OÉG (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh). D'fhóin Máire roimhe sin mar TD de chuid Fhianna Fáil le haghaidh thoghcheantar Ghaillimh Thiar (1975–1997); agus bhí líon post aici mar Aire, lena n-áirítear: Aire na Gaeltachta (1979–1981), arbh í an chéad bhean a bhí ina hAire Rialtais ó bunaíodh Stát na hÉireann; an tAire Gnóthaí Eorpacha (1987–1991); agus an tAire Dlí agus Cirt (1993–1994). Tá Céim Dochtúra Dlíthe aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, céim Dochtúra Eolaíochta ó COBÁC (ar honoris causa an dá cheann); agus Légion d'honneur i measc bronnta eile. Tá sí ina Comhalta den Airmheán Eorpach Comhpháirteach Taighde (JCR) Líonra Alumni agus ina Comhalta Oinigh de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.



## An tOllamh Eileen Harkin-Jones

**Ollamh Emeritus le hInnealtóireacht Pholaiméirí, Scoil na hInnealtóireachta, Ollscoil Uladh**

Ceapadh an tOllamh Eileen Harkin-Jones ar Bhord FEÉ ar an 6ú Aibreán 2023 agus is Ollamh Emeritus le hInnealtóireacht Pholaiméirí in Ollscoil Uladh í, áit a raibh Cathaoirleach Innealtóireachta Spiorad-Aeraspáis/Acadaimh Ríoga na hInnealtóireachta ilchodach aici ó 2014-2021. Roimhe sin bhí Cathaoirleach Boxmore aici in Innealtóireacht Pholaiméirí in Ollscoil Queens, Béal Feirste (1993-2014). Tá os cionn 30 bliain taithí aici ar eolaíocht pholaiméir agus ar thaighde innealtóireachta, chomh maith le taithí thionsclaíoch shuntasach in earnáil na polaiméire.

Tá taighde Eileen i mbun forbartha agus próiseála ar pholaiméirí teirmeaplaisteacha ardleibhéil agus ar ilchodacha le feidhmeanna i réimsí ó aeraspáis go feistí leighis agus le béim ar inbhuanaitheacht. Tá breis is 200 páipéir foilsithe aici, bhuaigh sí maoiniú taighde de bhreis ar £16 milliún mar príomhimscrúdaitheoir agus rinne sé maoirsiú ar bhreis is 40 mac léinn PhD go dtí gur chríochnaigh siad. Tá dhá dhuais Náisiúnta RA bronnta uirthi freisin as sármhaitheas in aistriú teicneolaíochta.

Tá Baitsiléir Innealtóireachta den chéad scoth ag Eileen ó COBÁC agus PhD ó Ollscoil Queens, Béal Feirste. Tá sí ina Comhalta tofa de dhá acadamh náisiúnta: Acadamh Ríoga na hInnealtóireachta (RA) agus Acadamh Innealtóireachta na hÉireann. I 2013, bronnadh OBE uirthi as Seirbhís don Ardoideachas.



## Brendan Harte

### Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais, ICON plc

Tá Brendan Harte, FCA ina Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais in ICON Plc, eagraíocht taighde chliniciúil dhomhanda a bunaíodh in Éirinn agus a fhostaíonn tuairim is 15,000 duine. Thosaigh sé ag obair le ICON in 2008 agus bhí roinnt róil dhomhanda aige ar an bhfoireann ardbhainistíochta, le fócas ar phríomhthionscnaimh athraithe, athstruchtúru straitéiseach na samhla gnó agus tacú leis an spreagadh i gcomhair fáis agus luach méadaithe scairshealbhóra. Ina ról reatha, tá sé ina cheannaire ar an fhoireann a bhfuil i mbun ionductaithe rathúil agus cuimsiú domhanda a chinntiú maidir le línte gnó nua ceannaithe ag ICON. I róil roimhe seo, d'fhorbair agus stiúir sé foirne móra, ildisciplíneacha atá freagrach as réimsí amhail Tuairisciú Airgeadais, Cuntasáíocht Chorpóraideach, Cánachas, Comhlíonadh Reachtúil, agus Íocaíochtaí Imscrúdaitheora. Sular thosaigh sé ag obair le ICON, d'oibrigh sé i róil cheannaireachta le Seirbhísí Airgeadais Hewlett Packard, Accenture, agus Meridian Vat Reclaim. Is Comhalta é an tUasal Harte de Chuntasóirí Cairte na hÉireann.



## Declan Hughes

### Ard Rúnaí cúnta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tá Declan Hughes ina bhall den Bhord Bhainistíochta de chuid na Ranna Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus freagrach as nuálaíocht ghnó, teicneolaíochtaí bunathraitheacha, macchuideachta taighde, IP agus caighdeáin, infheistíocht isteach agus déantúsaíocht amach anseo a chur chun cinn. Tá breis agus fiche bliain de thaithí aige maidir le forbairt a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt do pholasaithe fiontar agus nuálaíochta, lena n-áirítear Banc Eolais na hÉireann a thógáil, an Plean Gnímh do Phoist agus tacaíochtaí ghnó maidir le Covid. Bhí sé i gceannas ar fhiontair dhúchasacha de chuid fiontair bheaga agus mheánmhéide, An Rannán Fiontraíochta agus Polasaí Straitéiseach chomh maith leis an Rannóg Airgeadais. Tá sé ina Chomhalta Boird de IDA Éireann, ina chathaoirleach den Choiste Comhairleach de chuid an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha chomh maith leis an Choiste Comhordaithe Fiontraíochta Spáis. Bhí sé ar choistí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an AE agus tá sé ina bhall de na Coistí Tionscal, Nuálaíochta agus Infheistíochta den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Bhí Declan ar Bhord le Fiontraíocht Éireann, leis an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, le Leasú Eatramhach Soláthair Poiblí agus le Coiste Feidhmiúcháin Ardleibhéil Food Wise, agus chomh maith le sin tá sé ina chomhalta d'Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann. Roimhe seo chomh maith, bhí sé ar Choiste Feidhmiúcháin an fhiontair agus Gníomhaireacht STI, Forfás, agus bhí sé mar Cheann na Rúnaíochta do ICSTI. Is céimí Máistreachtá céadonóracha de Scoil an Ghnó Smurfit, OCBÁC agus de chlár fheidhmiúcháin ag Scoil an Ghnó Wharton, Institiúid Pháirc Roffey agus Coláiste na Státseirbhíse, Singeapór.



## An tOllamh Ann Leen

### Ollamh le Péidiatraic san Ionad Teiripe Cealla agus Géine, gColáiste Leighis Baylor

Is Ollamh le Péidiatraic í Ann Leen san Ionad Teiripe Cealla agus Géine i gColáiste Leighis Baylor agus tá níos mó ná 20 bliain taithí mar imdhíoneolaí aici maidir le forbairt agus ag tástáil teiripí nuálacha T-ceall chun cóireáil a dhéanamh ar ionfhabhtuithe víreasacha agus ar ailse. Tá straitéisí imdhíona-theiripeacha forbartha agus curtha i bhfeidhm go cliniúil aici chun speictream galair a chóireáil lena n-áirítear mialóma, liomfóma, leicéime, ailse phaincréasach agus COVID-19. Faoi láthair, tá sí ina príomhimscrúdaitheoir ar chúig staidéar maidir le Drugaí Nua Imscrúdaithe (IND) arna thionscnamh ag imscrúdaitheoir agus le 10 mbliana anuas bhí sí ina PI ar bhreis agus deich dtrial cliniúil agus í a úsáid teiripí cille “ar dhaoine don chéad uair” dá hothair. Bhunaigh sí dhá chuideachta - Marker Therapeutics agus AlloVir - agus feidhmíonn sí mar Phríomhoifigeach Eolaíochta AlloVir. Is údar sinsearach nó comhúdar í an tOllamh Leen ar níos mó ná 100 foilseachán faoi athbhreithniú piaraí agus tá sí ina haireagóir ainmnithe ar 14 phaitinn a eisíodh. Rinne sí athbhreithniú freisin ar lámhscríbhinní le haghaidh irisleabhair éagsúla agus d'fhóin sí mar phiarmheasúnóir deontas do ghníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá céim PhD ag an Ollamh Leen in Imdhíoneolaíocht ó Institiúid CRC um Staidéar Ailse i mBirmingham, sa RA agus BSc sa bhithcheimic ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



## An tOllamh Liam Madden (Retired on 30th January 2023)

### Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus Bainisteoir Ginearálta Ghrúpa Sreangaithe agus gan Sreang, Xilinx

Tá an tOllamh Liam Madden i gceannas ar eagraíocht ghairmithe T&F ar fud an domhain, lena n-áirítear foirne i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus mar Bhainisteoir Ginearálta tá sé freagrach freisin as ghnó an bhonneagair Shreangaithe agus Gan Sreang. Chaith an tOllamh Madden níos mó ná 30 bliain i dtionscal leathsheoltóra SAM, áit ar chuidigh sé le raon táirgí agus teicneolaíochtaí atá chun tosaigh sa tionscal. Bunaithe in Silicon Valley, d'oibrigh sé le cuideachtaí bunaithe agus gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear ról ceannaireachta in IPO rathúil. Bíonn an tOllamh Madden ag caint go minic ag imeachtaí ollscoile agus tionscail ar fud an domhain. Tá chúig phaitinn aige sa teicneolaíocht leathsheoltóra. Tá sé ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus tá sé ina Ollamh Cúnta le hInnealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Cumarsáide ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



## Gráinne McAleese

### Príomh-Oifigeach Airgeadais Leasghrúpa, Inizio

Is ceannasáí gnó sinsearach í Gráinne McAleese a bhfuil taithí aici ag obair go hidirnáisiúnta ar leibhéal coiste feidhmiúcháin i róil airgeadais agus cheannaireachta, sa tionscal cógaisíochta agus biteicneolaíochta den chuid is mó. Tá Gráinne ina Príomh-Oifigeach Airgeadais Leasghrúpa faoi láthair do Inizio, comhlacht domhanda le ceannáras suite in Éirinn acu a sholáthraíonn seirbhísí nuálacha seachfhoinsithe do chomhlachtaí cúraim sláinte. Roimh Inizio, d'oibrigh sí mar Bhainisteoir Ginearálta d'Éirinn agus Leas-Uachtarán Airgeadais le Alexion Pharmaceutical, cuideachta biteicneolaíochta SAM i gcomhair galair neamhchoitianta. Chaith an tUasal McAleese 10 mbliana ag obair le Elan Corporation, plc sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn i róil airgeadais



chorparáidigh éagsúla, chomh maith le ról ghrúpaí straitéiseacha, agus le déanaí mar Rialaitheoir Corparáideach agus Príomhoifigeach Cuntasáíochta. Tá an tUasal McAleese ina Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann, agus ina Cuntasóir Poiblí Deimhnithe sna Stáit Aontaithe, agus tá céim Baitsiléara agus Mháistreacht aici ó OCBÁC.



## Cliona Murphy

### Ceannaire Sinsearach Gnó agus Stiúrthóir Boird

Is ceannaire gnó sinsearach agus stiúrthóir boird í Cliona Murphy a bhfuil taithí aici ag obair go hidirnáisiúnta ar leibhéal feidhmiúcháin i dtaighde agus i bhforbairt agus i rólanna ceannaireachta sa slabhra soláthair, go príomha san earnáil bia agus dí. Ina ról feidhmiúcháin is déanaí bhí Cliona ina Leas-Uachtarán, Dearbhú Cailíochta Domhanda ag PepsiCo, le freagracht as beartais agus caighdeán cháilíochta ar fud phunann iomlán PepsiCo. Áirítear le gairmréim 26 bliain Cliona ag PepsiCo go leor rólanna sinsearach TF&N agus ceannaireacht slabhra soláthair san Eoraip, sa RA, sa tSín, san Áise agus in Éirinn. Sular thosaigh sí ag PepsiCo, d'oibrigh sí ar feadh roinnt blianta do Imperial Chemical Industries i T&F agus Innealtóireacht araon.

Is ball í Cliona de Chomhairle Phropaist Choláiste na Tríonóide. Is iarbhall í d'Údarás Teagasc agus den Choiste Stiúrtha don Tionscnamh Domhanda um Shábháilteacht Bhia, agus iar-Stiúrthóir ar Chomhlachas Tráchtála Chorcaí. Tá sí paiseanta faoi rochtain oideachais do chách agus do Mhná i ETIM, ag treorú Clár Milliún Meantóir Mná PepsiCo agus ag tacú le gníomhaíochtaí ar nós iWish agus ETIM ThiarTheas, agus ag déanamh urraíochta ar mhic léinn trí Chlár Rochtana na Tríonóide agus Lárionad Léann na hÁise de chuid na Tríonóide. Is innealtóir cairte í le céim san Innealtóireacht ó Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus MSc i mBia, Cothú agus Sláinte ó COBÁC.

## An tOllamh Philip Nolan

### Ard-Stiúrthóir, FEÉ

Thosaigh an tOllamh Philip Nolan ina Ard-Stiúrthóir ar FEÉ ar an 17ú Eanáir 2022. Roimhe seo, bhí sé mar Uachtarán Ollscoil Mhaigh Nuad, ó 2011-2021, agus is ansin ar bhunaigh sé straitéis nua don Ollscoil mair leis a dtaighde agus leis a ngníomhaireachtaí teagasc agus rannpháirtíochta, bearta a chuidigh go mór le fás agus éagsúlacht an teagasc agus taighde nár tharla go dtí seo, chomh maith le toilleadh taighde na hOllscoile a mhéadú faoi dhó. Chuir sé go mór le forbairtí tábhachtacha i gcúrsaí ardoideachais in Éirinn, go háirithe maidir leis an athrú ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal a athchóiriú, agus rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú mar aon le comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn.

Bhain an tOllamh Phillip Nolan a gcéimeanna i bhFiseolaíocht (1988) agus i Leigheas (1991) amach ó OCBÁC, faoi seach, agus ina dhiaidh sin, bronnadh PhD i bhFiseolaíocht ar as a cuid taighde ar rialú an anáilithe agus rialú an chórais chardashoithíoch i rith an chodlata. Is taighdeoir an-inniúil é, le suimeanna i gcórais bhraiteoirí próiseála fiseolaíochta agus córais rialuithe araon, agus i bhfoilseacháin sna hirisleabhair mhóra le rá sa réimse. Bhí sé páirteach le baill fhoirne acadúla na Ranna Anatamaíochta

agus Fiseolaíochta Daonna, OCBÁC IN 1996, agus d'éirigh leis Duaiseanna an Uachtaráin maidir le Taighde agus Teagasc araon a fháil. Ceapadh ina Stiúrthóir d'Institiúid Taighde Bhithmhóilínigh agus Bithleigheis Conway é sa bhliain 2003, roimh dó a bheith ina Chláraitheoir agus Leasuachtarán OCBÁC in 2004, is ansin go raibh sé i mbun athchóirithe na n-institiúidí iomláine ar churaclam na bhfochéimithe, clár Horizion OCBÁC, agus bhí sé freagrach as rannpháirtíocht a rochtain agus a leathnú, as staidéir iarchéime, as páirtíochtaí idirnáisiúnta, agus as seirbhísí leabharlainne agus teicneolaíochta faisnéise.

Le linn 2020 agus 2021, bhí ról lárnach ag an Ollamh Nolan maidir le bainistiú na paindéime COVID-19, agus é ina Chomhalta den Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Phoiblí, agus mar chathaoirleach dá bhfoghrúpa maidir le heiseamláiriú na ngalar. Tá sé ina Chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann, agus Comhalta Oinigh do Dhámh na Míochaine Sláinte Phoiblí de chuid Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann.

## Dr Diarmuid O'Brien

### Príomhfhheidhmeannach, Fiontar Cambridge

Ceapadh an Dr Diarmuid O'Brien ar Bhord FEÉ ar an 6ú Aibreán 2023 agus is é Príomhfhheidhmeannach Fiontar Cambridge é; an eagraíocht atá freagrach as taighde a thráchtáil ó Ollscoil Cambridge. Tá Fiontar Cambridge freagrach as an taighde ceannródaíoch ó Ollscoil Cambridge a phaitinniú, teicneolaíocht nuálaíoch a cheadúnú do ghnólachtaí domhanda, a dhámh sárchumasach a nascadh le dúshlán ghnó idirnáisiúnta trí chomhairleacht agus bunú na chéad ghnólachtaí teicneolaíochta suaiteacha eile a chothú trína síolchiste.

Tá 20 bliain de thaithí ag Diarmuid ag nascadh taighde acadúil-bhunaithe leis an bpobal fiontraíochta. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Nuálaíochta agus Fiontair ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit a raibh freagracht iomlán air as straitéis nuálaíochta agus fiontraíochta an choláiste a fhorbairt agus a fheabhsú.

Roimhe seo, bhí Diarmuid ina Stiúrthóir ar Thaighde agus Nuálaíocht na Tríonóide le freagracht as an Oifig Forbartha Taighde agus an Oifig um Chomhpháirtíocht Chorparáideach agus Malartú Eolais araon. Sa ról sin bhí sé i gceannas ar bhunú ciste fiontair University Bridge, atá rangaithe sna cúig chiste comhoibríoch ollscoile is fearr ar domhan, de réir Global University Venturing.

Bhí Diarmuid ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar CRANN freisin, ionad barr feabhais a aithnítear go hidirnáisiúnta do thaighde nanaitheicneolaíochta agus eolaíochta na n-ábhar. Bhí ról bhainistíochta shinsearach aige i roinnt gnólachtaí nuathionscanta ollscoile, lena n-áirítear Ntera, Xoliox, agus Deerac Fluidics. Bhí Diarmuid ina Chomhalta Taighde in Ollscoil Princeton. Tá PhD san Fhísic aige ó Ollscoil Sheffield agus céim san Eolaíocht na n-Ábhar ó Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

# Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Bunaíodh Bord Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 (“an tAcht”). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 7 den Acht, arna leasú. Tá an Bord freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (“an tAire” ó seo amach) agus freagrach as dea-rialú a chinntiú, agus tugann siad aghaidh ar an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chur agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. In Alt 7(4) den Acht ceanglaítear ar an mBord cloí leis na treoracha ginearálta sin a bhaineann le beartas i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a thabharfadh an tAire. Is é an tArd-Stiúrthóir, an Coiste

Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as rialú agus treoir laethúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Socraíonn an Bord ton eiticíúil an Fhorais freisin trína chinntiú go bhfuil luachanna, deachaighdeáin rialachais agus iompraíocht eiticíúil FEÉ le sonrú ar fud an Fhorais. Cloíonn an tArd-Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an tArd-Stiúrthóir mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht ardbhainistíochta FEÉ.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar an Bhoird, ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonracha lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an Bord tá:

- ▶ Ceadú an Phlean Straitéisigh
- ▶ Léargas ginearálta na n-oibríochtaí agus athbhreithniú feidhmíochta na Fondúireachta
- ▶ Ceadú na ráitis airgeadais bliantúla de chuid na Fondúireachta
- ▶ Ag ceapadh an Ard-Stiúrthóir
- ▶ Dearbhú leasanna na gComhaltaí
- ▶ Tuarascálacha ó fhochoistí an Bhord a fháil
- ▶ Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na Fondúireachta le gach dlí agus Cód Chleachtas is feidhme
- ▶ Ceadú an Bheartais Bainistíochta Riosca

In Alt 24 den Acht ceanglaítear ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Fondúireachta:

- ▶ Beartais chúí chuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus a dhearbhu má amhlaidh gur cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasáíochta faoi réir aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tArd-Stiúrthóir agus bainistíocht shinsearach na Fondúireachta, freagrach as taifid chuntasáíochta sásúla a choinneáil, ina nochtar a gcuid seasaimh airgeadais, le cruinneas réasúnta ag aon am ar bith, agus é a éascú go mbeidh na ráitis airgeadais géilleadh d’alt 24 den Acht. Tá na cuntais seo ceadaithe ag an Bhord agus curtha ar aghaidh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchadh a luaithe agus is féidir tar éis críoch na bliana. Tá coimeád agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Fondúireachta faoi fhreagracht an Ard-Stiúrthóir agus na bainistíochta sinsearach. Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú.

Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Fondúireachta faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil ar an 13 Nollaig 2022. Rinne an Bord, tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca den chuid is mó, measúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chuí agus bearta nó straitéisí gaolmhara um maolú. Tá an Fhondúireacht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid

Chaiteachais Phoiblí. Tá an Bord, tríd an Ard-Stiúrthóir agus tríd an bhainistíocht shinsearach, freagrach chomh maith as a gcuid sócmhainní a chosaint, agus sin an fáth gur ghlacadh céimeanna réasúnta eile chun aimsiú an chalaiois agus na neamhrialtachtaí eile a chosc. Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais FEÉ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Fondúireachta amhail an 31 Nollaig 2022.

## Struchtúr agus Coistí an Bhoird

De ghnáth bíonn Cathaoirleach, Leaschathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta arna cheapadh ag an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá scileanna agus saineolas riachtanacha agus moltacha ag na Comhaltaí Boird neamhspleácha

neamhfheidhmiúcháin chun straitéis agus beartais leathana na Fondúireachta a leagadh amach agus maoirseacht a dhéanamh ar an chur chun feidhme. Tháinig an Bord FEÉ le chéile seacht n-uaire le linn 2022. Taispeánann an tábla síos na sonraí a ghabhann le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí le linn 2022:

Board Member	Role	Date appointed
An tOllamh J. Peter Clinch	Cathaoirleach	01/08/19
An tOllamh Philip Nolan	Ard-Stiúrthóir	17/01/22
An tOllamh Mark Ferguson	Ard-Stiúrthóir	Éirithe as ar 16/01/22
An tOllamh Sir Tom Blundell	Comhalta Boird	Éirithe as ar 30/04/22
An tUasal Aidan Donnelly	Comhalta Boird	17/06/21
Uasal Máire Geoghegan-Quinn	Comhalta Boird	11/04/18
An tUasal Brendan Harte	Comhalta Boird	17/12/19
An tUasal Declan Hughes	Comhalta Boird	05/04/22
An tOllamh Ann Leen	Comhalta Boird	10/09/20
An tOllamh Liam Madden	Comhalta Boird	Scortha 30/01/23
Uasal Gráinne McAleese	Comhalta Boird	25/10/18
Uasal Cliona Murphy	Comhalta Boird	10/09/20

## Cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird

Faoin 31 Nollaig 2022, bhí ceathrar bhean (40%) agus seisear fhear (60%) ar an Bhord, le dá phost folamh. Ceapadh duine le ceann amháin do na folúntais seo ar an 5 Aibreán 2022 ó dhuine ainmnithe den Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Mar sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá leagtha síos ag an Rialtas maidir

le go léireofar hionadaíocht 40% ar a laghad den dá inscne i gcomhaltaí mBord Stáit. Measfar riachtanas na cothromaíochta inscne nuair a bheas ceapacháin déanta ar na folúntais thuas luaite trí Sheirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

## An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tacaíonn ról an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca (CIMR), ar a bhfuil cúigear comhalta, leis an mBord ina fhreagrachtaí maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIMR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus déanann sé monatóireacht ar an gcóras um rialuithe inmheánacha agus cosaint airgeadais, maoirsiú sé an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus déanann sé iniúchtaí ar dheontais FEÉ a thugtar d'institiúidí seachtracha. Cinntíonn an Coiste go bhfuil córas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus chun gníomhartha maolaithe a sholáthar agus go gcoimeádtar suas chun dáta é. Déanann an Coiste monatóireacht agus athbhreithniú freisin ar thuarascálacha airgeadais FEÉ ar bhonn rialta lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá an Coiste freagrach freisin as maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna nuashonrú i Meán Fómhair 2016.

Tuairiscíonn an CIMR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. De ghnáth bíonn cúigear comhaltaí ar an gCoiste lena n-áirítear comhalta seachtrach amháin ar a laghad. Is iad baill reatha an Choiste ná Brendan Harte (Cathaoirleach), Aidan Donnelly, Grainne McAleese, Cliona Murphy agus Stephen O'Connor (ball seachtrach). Freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir ar gach cruinniú den CIMR. Bhí seacht gcrúinniú ag an CIMR i 2022.

## Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird

Tá triúr comhaltaí ar Choiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird (CCA) agus breithníonn sé na scileanna a theastaíonn don Bhord, chomh maith le réimsí saineolais agus tugann siad comhairle don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí dá réir sin nuair a thagann folúntas sa Bhord chun cinn. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is ionann baill reatha an Choiste agus an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), an tOllamh Phillip Nolan agus an tOllamh Ann Leen. Bhí cruinniú amháin den Choiste i 2022.

## An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Tá cúigear ball ar an gCoiste Forbairt Bainistíochta agus Luach Saothair (CFBLS) agus bunaíodh é chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhreithmheas an Chathaoirligh ar fheidhmíocht an Ard-Stiúrthóra i gcoinne cuspóirí pearsanta comhaontaithe; athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bainistíochta sinsearaí; maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil comharbais eatramhach don Ard-Stiúrthóir agus don bhainistíocht shinsearach, faoi réir ag cloí i gcónaí le riachtanais phróiseas earcaíochta iomaíoch;

agus athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí i gcomhthéacs bheartas agus threoirínte an Rialtais agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais luach saothair. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinniú. Is iad baill reatha an Choiste ná an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), an tUasal Aidan Donnelly, Uasal Grainne McAleese, Uasal Cliona Murphy agus Uasal Máire Geoghegan-Quinn, a ceapadh ar an 29ú Márta 2022. Bhí dhá chruinniú den Choiste i 2022.

## Coiste Ceada Deontas

Tugtar an chumhacht don Choiste Ceada Deontas FEÉ (CCD), ina bhfuil cúigear comhalta ann, tograí maidir le deontais taighde a cheadú i gcomhréir leis na leibhéil údarais tarmilgthe arna cheadú ag an Bhord. Tuairiscíonn an coiste don Bhord tar éis gach cruinniú. Is iad baill an Choiste ná an tOllamh Liam Madden

(Cathaoirleach), an tOllamh Ann Leen, Ciaran Conlon (comhalta seachtrach), Declan Hughes agus an tOllamh Philip Nolan. Tháinig an tOllamh Nolan isteach sa Choiste an 17ú Eanáir 2022 agus tháinig an tUasal Declan Hughes isteach sa Choiste ar an 19ú Deireadh Fómhair 2022. Bhí trí chruinniú den Choiste i 2022.

## An Coiste Earcaíochta

Bunaíodh Coiste Earcaíochta an FEÉ ar an 8 Meitheamh 2020 chun maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar phríomhghnéithe den phróiseas chun Ard-Stiúrthóir nua a cheapadh in Eanáir 2022. Tá triúr comhalta ar an Choiste: an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), Grainne McAleese agus Aidan Donnelly. Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste le linn 2022 agus ceapadh an tOllamh Philip Nolan ina Ard-Stiúrthóir ar FEÉ ar an 17ú Eanáir 2022.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí le haghaidh 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

	An Bord	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Coiste Ceada Deontas	Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird	An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair	An Coiste Earcaíochta	Táillí 2022 €	Costais 2022 €
<b>Líon na gCruinnithe</b>	<b>7</b>	<b>7</b>	<b>3</b>	<b>1</b>	<b>2</b>	<b>0</b>		
An tOllamh J. Peter Clinch	7			1	2	0	0*	212
An tOllamh Philip Nolan	6	6	3	1			0	0
An tOllamh Sir Tom Blundell	0		0				4,169	0
An tUasal Aidan Donnelly	7	7			2	0	11,970	0
Uasal Máire Geoghegan-Quinn	7				2		11,970	0
An tUasal Brendan Harte	7	7					11,970	0
An tUasal Declan Hughes	5		3				0	0
An tOllamh Ann Leen	6		2	1			0	0
An tOllamh Liam Madden	6		1				0	0
Uasal Gráinne McAleese	6	5				0	11,970	0
Uasal Cliona Murphy	5	6			2		0	227
Táillí Boird a íocadh le COBÁC*							20,520	0
Costais ghinearálta an Bhoird							0	6,854
<b>Iomlán</b>							<b>72,569</b>	<b>7,293</b>

Íoctar táillí le baill an bhoird mar a chinneann an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá comhaltaí Boird áirithe eisiata ó tháillí a fháil ó FEÉ faoi na socruithe luach saothair “Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin” i gcás nach féidir le seirbhísigh phoiblí táillí Boird a fháil sa bhreis ar thuarastal. Ba iad seo an tOllamh J. Peter Clinch, an tOllamh Philip Nolan agus an tUasal Declan Hughes.

\* Maidir leis an Ollamh J. Peter Clinch, trí RGFN (RFTS anois), cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun costais COBÁC (mar fhostóir) a fhritháireamh chun an tOllamh J. Peter Clinch a scaoileadh chun fónamh ar Bhord FEÉ suas go dtí an táille ábhartha do phost an Chathaoirligh.

Ina theannta sin, tharscaoil triúr ball den Bbord, an tOllamh Liam Madden, an tOllamh Ann Leen agus an tUasal Cliona Murphy a dtáillí boird.

## Príomhathruithe an Phearsanra

Ceapadh dhá cheapachán nua ar an mBord le linn 2022 nuair a ceapadh an tOll. Philip Nolan mar Ard-Stiúrthóir agus mar Chomhalta de bhrí oifige ar an 17ú Eanáir 2022 agus ceapadh an tUasal Declan Hughes mar chomhalta ar

an 5ú Aibreán 2022. D'éirigh an tOllamh Sir Tom Blundell as oifig, an tOll. Chuaigh Liam Madden ar scor agus chuaigh an tOllamh Mark Ferguson ar scor mar Ard-Stiúrthóir le linn 2022.

## Nochtadh arna Cheangal leis an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) arna

fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtaithe seo riachtanach tríd an Chód:

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Réimse Ó	Líon na bhFostaithe		
	Go	2022	2021
€60,000	€69,999	6	11
€70,000	€79,999	13	16
€80,000	€89,999	17	7
€90,000	€99,999	3	-
€100,000	€109,999	-	6
€110,000	€119,999	11	6
€120,000	€129,999	-	-
€130,000	€139,999	-	-
€140,000	€149,999	-	2
€150,000	€159,999	2	-
€160,000	€169,999	-	2
€170,000	€179,999	2	-
€180,000	€189,999	-	-
€190,000	€199,999	-	-
€200,000	€209,999	1	1

Nóta: Chun críocha an nocht sin, áirítear ar shochair gearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhís a sholáthraítear le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra air.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais comhairleoireachta costas na comhairle seachtraí agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2022 €	2021 €
Comhairle dhlíthiúil	153,867	248,089
Comhairle Caidreamh Poiblí	124,061	126,938
Comhairleacht Chomhionannais, Éagsúlacht agus Ionchuimsithe (CDI)	71,717	-
Athbhreithniú ar Chlár Infreastructúir Taighde	71,217	47,478
Comhairle um Ionracas Taighde	52,507	85,359
Comhairle le hullmhú do chónascadh FEÉ/CTÉ	41,574	-
Comhairle maidir le solátha	40,203	26,752
Comhairle faoi Acmhainní Daonna agus Pinsin	31,242	34,377
Comhairleacht Smart Futures	28,948	-
Suirbhé Náisiúnta COVID-19	-	24,388
Comhairle maidir le cáin agus airgead	2,096	5,124
Eile	-	42,000
<b>Iomlán</b>	<b>617,432</b>	<b>640,505</b>
Costais Sainchomhairleoireachta Caipitlithe	-	-
Costais chomhairleoireachta gearrtha ar chúlchistí ioncaim agus caiteachais coinnithe	617,432	640,505
<b>Iomlán</b>	<b>617,432</b>	<b>640,505</b>

## Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tá caiteachas a thabhaíodh i ndáil le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair FEÉ nochta sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas. Níor tabhaíodh aon chostas dlí, socraíochtaí nó costais eadrána agus idir-réitigh sa bhliain a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar seo a leanas:

	2022 €	2021 €
<b>Intíre</b>		
Bord	439	443
Fostaithe	51,397	14,110
<b>Idirnáisiúnta</b>		
Bord	-	-
Fostaithe	39,924	2,151
<b>Iomlán</b>	<b>91,760</b>	<b>16,704</b>

## Caiteachas Fáilteachais

Clúdaítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas leis an Chuntas Ioncaim agus caiteachais:

	2022 €	2021 €
Fáilteachas foirne	11,181	2,222
Fáilteachas cliant	1,683	-
<b>Iomlán</b>	<b>12,864</b>	<b>2,222</b>

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon FEÉ an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2022.

## Athbhreithniú Feidhmíochta

Áiríonn monatóireacht ar rialachas corparáideach éifeachtach ag an mBord athbhreithniú leanúnach ar struchtúr inmheánach an chomhlachta Stáit chun a chinntiú go bhfuil línte soiléire cuntasachta ann don bhainistíocht ar fud na heagraíochta. Chomh maith le monatóireacht agus nochtadh cleachtas rialachais chorparáidigh a éileamh ar bhonn rialta, déanann an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí. Rinne Bord FEÉ an mheastóireacht féinmheasúnaithe seo i mí na Samhna 2022.

## Bainistíocht Riosca

Tá Beartas agus Straitéis Riosca FEÉ glactha ag Bord FEÉ, a leagann amach an córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a leagann amach ról agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu le bainistíocht riosca. Nuashonraíodh é seo i 2020 agus déanfar é a nuashonrú arís i 2023. Rinneadh Clár Riosca FEÉ a nuashonrú freisin i 2022 chun é a dhéanamh níos fusa le léamh agus níos so-úsáidte. D'fhaomh Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca FEÉ an Clár Riosca nuashonraithe i bhFeabhra 2023. Tá sé mar bheartas ag an bhForas cloí leis an gcleachtas bainistíochta riosca is fearr. Leagann an Beartas agus an Straitéis an próiseas trína n-aithníonn an Foras na príomhrioscaí a bhaineann lena ghníomhaíochtaí agus trína dtugann sé aghaidh orthu. Tiomsaíonn an Coiste Bainistíochta Riosca na rioscaí seo le hionchur agus tacaíocht an Choiste Feidhmiúcháin agus tuairiscítear orthu ag eatraimh rialta do Choiste Iniúchta agus Riosca FEÉ agus don Bhord, lena n-áirítear bearta maolaithe, rialuithe agus nuashonruithe gaolmhara. Tá measúnú déanta ag an mBord ar phríomhrioscaí FEÉ, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo nuair is cuí agus bearta nó straitéisí gaolmhara.

# Struchtúr Eagrúcháin

Ón 30ú Aibreán, 2023



# Foireann Feidhmíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Ón 30ú Aibreán, 2023.



## An tOllamh Phillip Nolan

**Ard-Stiúrthóir**

Féach ar a phróifíl iomlán ar leathanach 79.



## An Dr Ciarán Seoighe

**Leas-Ardstiúrthóir**

Chuaigh an Dr Ciarán Seoighe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Leas-Ardstiúrthóir in Eanáir 2018. Ina ról, tá Ciarán freagrach as Straitéis Eagraíochtúil, Cumarsáid Chorparáideach agus foireann idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Lena chois sin, déanann sé ionadaíocht ar son an Ard-Stiúrthóra, de réir mar is gá. Chuaigh Ciarán le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndiaidh beagnach fiche bliain i gcomhairleacht bainistíochta le Accenture. I rith a chuid ama le Accenture, in Éirinn agus san Afraic Theas araon, d'oibrigh Ciarán le cuid de na heagraíochtaí is mó agus is rathúla ar domhan. Tá BA (Mod) aige san Eolaíocht Nádurtha agus PhD san Fhisic Chandamach ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC. Tar éis dó teacht ar bhord le FEÉ, bhí Ciarán i gceannas ar fhorbairt na straitéise nua de chuid FEÉ agus bhí sé ina rannpháirtí rialta ar straitéisí agus tionscnaimh náisiúnta lena n-áirítear Bord Comhairleach an Chiste Nuálaíochta maidir le Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha, Bord Comhairleach Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí agus an tionscnamh comhairliúcháin poiblí maidir le 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí'. Tugann sé flúirse taithí thar raon éagsúil leis, do réimsí cosúil le hathruithe ar scála mór a chomhlíonadh, mar aon le tionscnaimh nuálaíochta, straitéiseacha agus athruithe.



## An tUasal Donal Keane

### Príomhoifigeach Oibríochtaí

Ceapadh an tUasal Donal Keane mar an Príomhoifigeach Oibríochtaí i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann ar an 1 Samhain 2005. Tá sé freagrach as Rialú Airgeadais, Bainistíocht Airgeadais Deontas, Córais Faisnéise, Líonraí TF, Cosaint Sonraí/RGCS, Beartas Taighde agus idirchaidreamh leis an gComhordaitheoir Iniúchta Inmheánaigh maidir le hiniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha deontas. Tháinig Donal go FEÉ ó IADT Dún Laoghaire, ina raibh post mar Rúnaí agus Rialaitheoir Airgeadas ó 1997 go 2005. Roimhe sin bhí poist bhainistíochta sinsearaí ag Donal in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus in Toronto, Ceanada. Bhí Donal ina chomhalta chomh maith ar Choistí Iniúchóireachta Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa (Strasbourg) agus BBSRC (cuid de UKRI anois) le blianta beaga anuas. Tá céim Bhaitsiléara sa Tráchtála ag Donal ó COBÁC agus is Comhalta é ar Institiúid Chairte na gCuntasóirí in Éirinn.



## An Dr Abigail Ruth Freeman

### Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Is Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí in FEÉ í An Dr Abigail Ruth Freeman. Tá sí i gceannas ar Chláir Taighde stiúrtha go haonarach agus Ionaid le haghaidh Oilíúint Taighde, Taighde bunaithe ar Dhúshláin agus Rannpháirtíocht Oideachais agus Poiblí ag an Fhondúireacht. Tá guth Ruth le cloisteáil go minic ar na meáin agus tá sí ina rannpháirtí seachtainiúil ar Seó Pat Kenny ar raidió Newstalk. Roimh a ceapachán reatha faoi láthair, bhí sraith phoist ag Ruth i bhFEÉ. Ceapadh í ina Stiúrthóir na Straitéisí agus Cumarsáidí in 2013, tar éis dí a bheith i mbun róil eile, ar nós Stiúrthóir na Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais agus Stiúrthóir na gClár, Fondúireachta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta. Chuaigh Ruth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Bhainisteoir Clár Eolaíochta i Samhain 2006. Sula raibh sí ag an Fhondúireacht, d'obair sí mar thaighdeoir ag Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath. Tá Ba agus PhD i gcúrsaí na géinitice aici chomh maith le dioplóma iarchéime i Staitisticí ó Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath, áit ar bhronnadh scoláireacht na Tríonóide, an duais Cheimice Eli Lilly agus an Duais Bhitheolaíochta Roberts.



## An Dr Siobhan Roche

### Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Ceapadh an Dr Siobhan Roche mar Stiúrthóir FEÉ na hEolaíochta don Gheilleagar in 2018. Tá freagracht aici straitéis FEÉ i ndáil le cláir maoinithe iomaíoch a chuidíonn le forbairt na gcomhoibrithe taighde nuálacha lena n-áirítear comhlachtaí, idir móra agus beaga, ilnáisiúnta agus dúchasach, taighdeoirí acadúla agus páirtithe leasmhara eile. D'oibrigh Siobhán laistigh d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar feadh roinnt blianta, go déanaí mar Cheann Iar-dhámhachtainí agus Ionaid Taighde FEÉ, i ndiaidh a róil mar Cheann na gComhpháirtíochtaí agus Bainisteoir Clár Eolaíoch. Tugann Siobhán taithí mar eolaí taighde léi ón earnáil phríobháideach, nuair a bhí sí ag obair le Exelixis Inc. sna SAM agus comhlacht tionscnaimh géanóm an duine, na hÉireann, Hiberger Inc., agus nuair a bhí sí ina Ceann Grúpa ag CTBÁC agus Otharlann Phádraig. Scríobh Siobhán foilseacháin in irisleabhar príomha, piarmheasúnaithe, fuair sí maoiniú taighde iomaíoch náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá roinnt paitinn idirnáisiúnta aici. Tá BA aici i gcúrsaí géinitice mar aon le PhD i mBitheolaíocht Mhóilíneach agus Cille ó Ollscoil California in Berkeley (SAM).

# Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

## Comhaltaí Boird – Clárú Leasanna

Feidhmíonn an Bord de réir na bunphrionsabail um dhea-chleachtas rialachais chorparáidigh, agus i gcomhréir leis na treoirlínte arna leagadh amach sa Chód Cleachtas le haghaidh rialachas na bhForas Stáit 2016 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina ngníomhaíochtaí agus ina n-úsáid na Coistí araon. Cláraíonn comhaltaí an Bhoird FEÉ a gcuid leasanna i dtiomantais eile leis an Rúnaí, i gcomhréir leis na treoirlínte sin.

### 1. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Tá FEÉ ag brath ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus leanann siad ar aghaidh ag géilleadh d'fhorálacha an Achta.

### 2. An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Rinneadh comhlacht forordaithe d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 ón 31 Bealtaine 2006 i leith. Cloíonn FEÉ go hiomlán leis an Acht. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht a sheoladh ar aghaidh chuig Oifigeach Saorála Faisnéise, Plás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Fuair FEÉ cúig iarratas SF i 2022, agus deonaíodh na hiarratais sin go léir.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

### 3. (i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Feidhmíonn FEÉ faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Is é beartas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm lenar féidir le FEÉ gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear na sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta ar gach slí ábhartha.

### (ii) Íocaíocht phras le soláthraithe

Tá FEÉ tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialú Íocaíochta Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011. Leis an bhforáil sin cinntítear go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn FEÉ go ráithiúil sa rannán 'Maidir Linne – Rialachas – Seirbhís do Chustaiméirí' den suíomh gréasáin ar chur i bhfeidhm na Rialú um Íoc Prap 15 lá.

### 4. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015

Tacaíonn FEÉ go hiomlán le prionsabal na comhdheiseanna san fostaíocht. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn datha, cine, náisiúntachta, gnéaschlaonta, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/ nó ceantar tionscnaimh), reiligiúin, inscne, stádas pósta, aoise nó míchumais. Léirítear tiomantas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do chur chun feidhme comhdheiseanna ina beartais, úsáid as teanga neamh-idirdhealaitheach i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin na Fondúireachta. Is é an cuspóir a chinntiú go roghnaítear agus go gcaitear le gach ball foirne ar bhonn a gcumas, a n-eolas agus a gcáilíochtaí.

### 5. An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní dhearnadh nochtadh cosanta ar bith do FEÉ in 2022.

### 6. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus 2010

I gcomhréir leis an Acht thuas, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le ÚFT bearta cuí chun feidhme chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar fad laistigh dá hoifigí a chosaint.

### 7. Cairt Cliant

D'fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann Cairt Cliant ina leagtar amach a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin. Cuimsítear sa chairt sin nós imeachta chun déileáil le gearáin. In 2022, ní raibh gearán ar bith tugtha faoin chairt.



**8. Tuairisciú a dhéanann Comhlachtaí na hEarnála Poiblí**

Tá oibleagáidí tuairiscithe fuinnimh áirithe ag an Roinn Phoiblí, faoin Ionstraim Reachtúil (IR) 542/2009 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (éifeachtacht fuinnimh na críochúsáide agus le seirbhísí fuinnimh), 2009. Tá oifigí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann lonnaithe i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don fhoirgneamh, tá FEÉ sásta go ndéanann sé a dhícheall leas a bhaint as na modhanna is tíosaí ar fhuinneamh agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaoil agus is féidir.

**9. Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas (CSR)**

Tá FEÉ tiomanta do chur chuige uailmhianach a ghlacadh i leith CSR, FEÉ a athrú í féin, athrú suntasach a thiomáint sa chóras náisiúnta taighde, agus dea-shampla a threorú ar fud na seirbhíse poiblí. I rith 2021, chomhaontaigh Bord FEÉ creat nua CSR. Ag teacht le riachtanais an Rialtais, d'ainmnigh FEÉ curaidh chun an obair seo a stiúradh agus ghlac Leas-Ard-Stiúrthóir FEÉ, an Dr Ciarán Seoighe é. Bunaíodh dhá Fhoireann Glasa nua. Díreoidh an Fhoireann Ghlas Inmheánach ar thionchar timpeallachta FEÉ a laghdú, ag forbairt treochlár a mbeidh sé mar aidhm aige a bheith ina phríomhchomhlacht san earnáil poiblí ó thaobh na hoibríochta de. Díreoidh an Fhoireann Ghlais Sheachtrach ar na deontais a mhaoinímid agus ar an bpobal seachtrach TF&N a mhúnlú agus tionchar a imirt orthu chun cur ar chumas na hÉireann a bheith ina maoinitheoir inbhuanaithe taighde a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige. Bunófar pleananna gníomhaíochta agus treochláir don dá réimse le linn 2023.

**Fís: Glacfaidh FEÉ ról ceannaireachta i CSR chun ár bplainéad, ár ndaoine agus ár rathúnas a chosaint**

	Inmheánach	Seachtrach
Comhshaoil	Tionchar oibríochtaí inmheánacha FEÉ ar an gcomhshaoil a laghdú	Taighde arna mhaoiniú ag FEÉ ag feidhmiú go hinbhuanaithe Taighde comhshaoil a mhaoiniú
Sóisialta	Freagracht Shóisialta Chorporáideach Cultúr FEÉ Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú i FEÉ	Oideachas & Rannpháirtíocht Phoiblí Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú i ndámhachtainí FEÉ
Rialachas	Ceannaireacht, bainistíocht agus maoirseacht Rialuithe inmheánacha spriocdhírthe	Maoirseacht agus rialú spriocdhírthe ar dhámhachtainí

# 11

## Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Íomhá ó Elaine Dunleavy  
*Ollscoil na Gaillimhe*  
Teideal: An Ubhagán Cuileog  
atá ag Forbairt

# Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



## Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

#### Science Foundation Ireland

#### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Science Foundation Ireland for the year ended 31 December 2022 as required under the provisions of section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Science Foundation Ireland at 31 December 2022 and of its income and expenditure for 2022 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Science Foundation Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Science Foundation Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report including the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Seamus McCarthy**  
Comptroller and Auditor General

16 June 2023

### Appendix to the report

#### Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

#### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003 to audit the financial statements of Science Foundation Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Science Foundation Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Science Foundation Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), admháim ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann san áireamh sa fhreagracht ceanglais an Chóid Dea-Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá córas um rialú inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil. Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta nuashonrú fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina bhfuil cúigear comhalta acu agus amach ó shin bhí ceathrar ina gcomhaltaí Boird le linn 2021 (agus is cuntasóirí cáilithe iad tríur acu sin). Tháinig an CIR le chéile 7 n-uaire in 2022.

Bhunaigh FEÉ feidhm iniúcháireachta inmheánaí chomh maith a bhfuil dóthain acmhainní léi agus seolann sé clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR. Déantar feidhm iniúcháireachta inmheánaí agus ról an Comhordaitheora Iniúcháireachta Inmheánaí a sheachfhoinisí do chomhlachtaí seirbhísí gairmiúla.

D'fhorbair an Bord beartas maidir le bainistíocht riosca ina leagtar inghlacthacht riosca amach, próisis na bainistíochta riosca agus sonraí na ról mar aon le freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas chuig na comhaltaí foirne ar fad a bhfuiltear ag súil leo bheith ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, chun rabhadh a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat um Riosca agus Rialú

Chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscínn na príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí an lucht bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn dhá mhí. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar na rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sa Chlár Rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú na rialuithe a shanntar chuig baill foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- ▶ taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir;
- ▶ tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist;
- ▶ córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air;
- ▶ rialuithe lena ndírítear ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus teicneolaíochta a chinntiú;
- ▶ nósanna imeachta i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- ▶ nósanna imeachta um rialú maidir le maoiniú deontais do chomhlachtaí taighde lena áirithiú go bhfuil rialuithe leordhóthanacha ann i ndáil le deontais a fhaomhadh, agus lena áirithiú gur cuireadh an maoiniú deontais i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- ▶ sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú;
- ▶ bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal, lena n-áirítear freagracht as bainistíocht airgeadais a tharmligean;
- ▶ déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad/réamh-mheastachán;
- ▶ Piarmheasúnú Seachtrach ar gach togra Taighde arna ndéanamh ag saineolaithe eolaíochta lena mheas ar fiú an togra ó dhearcadh oideachais agus taighde eolaíoch de agus an gcomhlíonann sé na critéir maidir le maoiniú;
- ▶ monatóireacht agus rialú ar gach deontas taighde a dheonaítear, agus íocaíochtaí bliantúla deontas bunaithe ar réamh-mheastachán bhuiséid a sholáthraítear gach bliain do gach dámhachtain agus an rogha ann íocaíochtaí deontais a chur siar má bhíonn an caiteachas faoin mbuiséad;
- ▶ monatóireacht a dhéanamh ar Spriocanna Roinntchostais na Tionscail ag Ionaid Taighde agus bainistíocht réamhghníomhach i gcás nach mbainfeair spriocanna amach;
- ▶ clár iniúcháireachta córasbhunaithe a dhéantar ag na Comhlachtaí Taighde Incháilithe ar bhonn bliantúil, a chumhdaíonn ar an meán ceithre chomhlacht taighde dhifriúla gach bliain;
- ▶ tar éis iniúchadh Téamach AE ar chiste CFRE 2014-2021 cruthaíodh Seicliosta Fíoraithe Státchabhrach nua agus rinneadh tástáil ar bhonn treoirscéime ag roinnt Comhlachtaí Taighde i 2022. Tá cruinniú leantach le hionadaithe ón COÉ agus CAT a bheidh ar siúl i mí an Mheithimh 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid tograí maidir le rolladh amach foirmiúil an Seicliosta Fíoraithe Státchabhrach chun cur ar chumas FEÉ comhlíonadh na rialacha

maidir le Státchabhair ag na Comhlachtaí Taighde a sheiceáil;

- ▶ Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- ▶ Smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus treoirínte reatha soláthair a chinntiú agus a chinntiú gur chomhlíon Fondúireacht Eolaíochta Éireann na nósanna imeachta sin in 2022.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na nIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2021 ar an 17 Aibreán 2023.

## Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí le nochtadh sna ráitis airgeadais maidir le 2022.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



**An tOllamh J. Peter Clinch**  
Cathaoirleach

Dáta: an 15 Meitheamh, 2023

# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas ón Oireachtas	2	229,802	237,429
Ioncam Eile	3	4,439	5,488
Glanmhaoiniú Sochar Scoir Iarchurtha	5 (c)	2,239	2,076
		<b>236,480</b>	244,993
<b>Caiteachas</b>			
Speansais Riaracháin, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn	4	16,758	14,887
Dímheas	6	480	769
Costais Sochar Scoir	5(a)	2,019	1,803
Deontais a Íocadh	9(a)	217,611	227,535
		<b>236,868</b>	244,994
<b>Easnamh don bhliain roimh leithreasáí</b>		<b>(388)</b>	(1)
Aistriú ón Chuntas Caipitil	7	422	450
Barrachas don Bhliain i ndiaidh leithreasuithe		34	449
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir</b>		<b>2,056</b>	1,607
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig</b>		<b>2,089</b>	2,056

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 17 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



**An tOllamh J. Peter Clinch**  
Cathaoirleach



**An tOllamh Phillip Nolan**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: an 15 Meitheamh, 2023

Dáta: an 15 Meitheamh, 2023

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Barrachas i ndiaidh Leithreasuithe		34	449
Cailteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir		(2,454)	(333)
Athrú ar bhoinn tuisceana is bonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochar sainithe		12,939	(301)
Gnóthachan / (Cailteanas) Iomlán Achtúireach sa tréimhse	5(d)	10,485	(634)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar Scoir Iarchurtha		(10,485)	634
<b>Iomlán an Ioncaim Chuimsitheach don bhliain</b>		<b>34</b>	449

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 17 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



**An tOllamh J. Peter Clinch**  
Cathaoirleach

Dáta: an 15 Meitheamh, 2023



**An tOllamh Phillip Nolan**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: an 15 Meitheamh, 2023

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Ón 31 Nollaig, 2022


	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	8	4,866	5,288
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	10	598	587
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		2,258	2,313
		2,856	2,900
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna atá Dlíte laistigh de bhliain amháin)</b>			
Suímeanna Iníoctha	11	(766)	(844)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		2,090	2,056
<b>Sochair scoir</b>			
Dlíteanas Sochar Scoir	5(b)	(23,419)	(31,665)
Glansócmhainn um Maoiniú Sochar Scoir larchurtha	5(b)	23,419	31,665
		-	-
<b>Iomlán na nGlansócmhainní</b>		6,956	7,344
<b>Léirithe ag:</b>			
Cuntas Caipitil	7	4,866	5,288
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		2,089	2,056
		6,956	7,344

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 17 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



An tOllamh J. Peter Clinch  
Cathaoirleach



An tOllamh Phillip Nolan  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: an 15 Meitheamh, 2023

Dáta: an 15 Meitheamh, 2023

# Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
<b>Glansreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
Easnamh don bhliain roimh leithreasáí		(388)	(1)
Dímheas maidir le maoin, gléasra agus trealamh	6	480	769
Méadú ar Infháltais	10	(11)	(192)
Laghdú i gcuntais iníoctha	11	(78)	(336)
<b>Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		3	240
<b>Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe</b>			
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach	8	(58)	(319)
<b>Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí Infheistithe</b>		(58)	(319)
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		-	-
<b>Laghdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>		(55)	(79)
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail ar an 1 Eanáir		2,313	2,393
<b>Airgead tirim nó a chomhluach amhail ar an 31 Nollaig</b>		2,258	2,313

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús leis na beartais chuntasaíochta agus shuntasacha a ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad le linn na bliana agus na bliana roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013, agus tá a Ceannoifig i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann arna leagan amach faoi alt 7 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus arna leasú leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013:

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) an fhondúireacht náisiúnta maidir le hinfheistíocht i dtaighde sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, agus matamaitice (STEM), a chuidíonn le forbairt agus iomaíochas an tionscail, na fiontraíochta agus na fostaíochta in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad. Chomh maith leis sin cuireann an Fhondúireacht staidéar ar oideachas agus rannpháirtíocht STEM chun cinn agus cuireann sé feasacht agus tuiscint ar luach STEM don tsochaí agus go háirithe fás an gheilleagair chun cinn.

Eintiteas Sochair Phoiblí is ea Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

### (b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### (c) Bunús an Ullmhaithe

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dlíteanais áirithe a thomhaistear ag a luachanna córa atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais leis an fhoirm arna cheadú ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003, agus faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), (Leasú), 2013. Tagann na ráitis airgeadais le ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a tháinig i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta a thosaigh ar an 1 Meán Fómhair, 2016 nó ina dhiaidh sin. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

### (d) Ioncam

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe ach amháin i gcás Deontas ón Oireachtas a aithnítear ar bhonn fáltas airgid thirim.

### (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide Dímheas Carntha, coigeartaithe le haghaidh soláthar ar bith le haghaidh laigí. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach maoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolréanna fóna measta, mar seo a leanas:

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (*ar lean.*)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

i.	Feabhsuithe Léasacha	<i>thar an gcuid eile de shaolré an léasa</i>
ii.	Trealamh Ríomhaire & Bogearraí Ríomhaire	<i>3 bliana</i>
iii.	Daingneáin agus Feistí	<i>5 bliana</i>

Déantar sócmhainní a dhímheas i mbliain a gceannaigh murar coimisiúnaíodh / tugadh chun feidhme iad ag deireadh na bliana.

Léiríonn an luach iarmharach an luach iomlán a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais na diúscairthe a asbhaint, dá má rud é go raibh an tsócmhainn chomh sean is a rabhthas ag súil leis agus sa riocht a rabhthas ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

### (f) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach agus tá sé scríofa ar aon dul leis an bheartas dímheasa le haghaidh na sócmhainní sin.

### (g) Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag deireadh na Bliana Airgeadais. Déantar ioncaim agus costais a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag dátaí na mbun-idirbheart. Pléitear an barrachas nó na heasnaimh a bhíonn mar thoradh air sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeáda.

### (h) Sochair Fostaithe

#### *Aithnítear sochair ghearrthéarmacha*

amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Infóchta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

#### *Sochair Scoir*

Oibríonn FEÉ Scéim Aoisliúntais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2016, ar scéim le Sochar sainithe í, don fhoireann ar fad a thosaigh ag obair leis an eagraíocht roimh 2013. Oibríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

Léirítear na sochair phinsin sa chostas pinsin tuillte ag na fostaithe le linn na tréimhse agus taispeántar glan-ranníocaíochtaí pinsin na foirne atá tarchurtha chuid an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i ndáil le scéim sochar scoir FEÉ agus chuig DPER i ndáil leis an Scéim Aonair. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam a mhéid a bhfuil sé inghnóthaithe.

Léirítear gnóthachan nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn ar scéim na ndlíteanas isteach i Ráiteas an Ioncaim Chuimsithigh, agus aithnítear oiriúnú comhfhreagrach leis an tsuim in-aisghabhála ón Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Léirítear sna Ráitis Airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dlíteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus maoiniú gaolmhar ar bith, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann na fostaithe iad.

Tomhaistear dlíteanais scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as modh na nAonad Réamhmheasta Creidmheasa. Is ionann an maoiniú pinsin iarchurtha agus na sócmhainní le bheith athshlánaithe i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### (i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncam agus Caiteachas Ioncaim Coimeádta de réir mar a bheidh siad dlite. Aithnítear é mar chostas thar an tréimhse sin a fhaigheann FEÉ sochar as úsáid an fhoirgnimh ar léas.

### (j) Íocaíochtaí Deontas

Taighde Déantar na méideanna a íoctar le Comhlachtaí Taighde ar bhonn deontais taighde a dhámhtar a mhuirearú ar an Ráiteas Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta i mbliain na híocaíochta.

### (k) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasáíochta

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na meastachán go bhféadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhair agus na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus go sonrach, saolré fhónta eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na bhfeistí agus na ndaingneán, agus chinn siad go bhfuil saolréanna na sócmhainne agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

#### Oibleagáid Sochar Scoir

Cinntear na boinn tuisceana is bonn leis na luachálacha achtúireacha dá n-aithnítear na méideanna sna Ráitis Airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortláíochta agus rátaí treochtaí costas cúraim sláinte) agus déantar iad a nuashonrú ar bhonn bliantúil bunaithe ar na dálaí reatha eacnamaíocha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar bith ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas dul i gcion ar na boinn tuisceana:

- i. An ráta lascaine, athruithe ar ráta toraidh bannaí corparáideacha ardchaighdeáin
- ii. Leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh shaothair amach anseo
- iii. Athruithe ar dhéimeagrafaíocht

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### 2. Deontais Oireachtais

Tá deontais an Oireachtais íoctha do FEÉ ón an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta déanta amach de:

	D/FHERIS Vóta 45	2022 €'000	2021 €'000
<b>Deontais le haghaidh Caiteachas Reatha</b>			
Pá agus Pinsin*	Focheann C3.1	<b>7,454</b>	6,135
Speansais Riaracháin	Focheann C3.1	<b>8,962</b>	8,936
<b>Deontais le haghaidh Caiteachas Caipitil</b>			
Deontais Taighde	Focheann C3.1	<b>197,886</b>	206,858
Deontais Taighde – Ionaid le haghaidh Oilíúint Taighde	Focheann C4.2	<b>15,500</b>	15,500
		<b>229,802</b>	237,429

\*Luaitear an deontas le haghaidh caiteachas pá glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaithe €332k (2021: €289k) a aistríodh chuig an Státchiste. Áirítear orthu sin asbhaintí €160k in 2022 (2021: €125k) i ndáil le baill foirne na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a aistríodh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Aistríodh riaracháin roinne agus feidhmeanna aire i ndáil le beartas taighde agus cláir ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (IR 586 /2021), le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú le hAlt 2 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2019, éascaítear líon na ndeontas comhiomlán chuig Fondúireacht Éireann, IDA agus FEÉ chun a n-oibleagáidí Caipitil a chomhlíonadh agus ní sháróidh na dliteanas thar €14 billiún. Ón 31 Nollaig 2022 b'ionann an méid comhlán a cuireadh ar fáil do na trí Ghníomhaireacht agus €11.7 billiún (2021: €11 billiún).



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### 3. Ioncam Eile

Maoiniú Deontais Taighde:	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
<b>Ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí maoiniúcháin eile le dámhachtainí a rinne FEÉ</b>			
Teagasc	3(a)	-	74
Foras na Mara	3(b)	-	313
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	3(c)	318	360
Cumann Geolaíochta na hÉireann	3(d)	585	316
Cumann Ailse na hÉireann	3(e)	-	98
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	3(f)	981	1,090
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	3(g)	900	900
An Bord Árachais Sláinte	3(h)	466	514
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	3(i)	75	661
An Roinn Oideachais	3(j)	870	401
Roinn Cosanta	3(k)	-	250
<b>Fo-Iomlán</b>		<b>4,195</b>	4,977
<b>Ranníocaíocht i gcomhair gairmeacha ar mhaoiniú ERA NET</b>			
• ERA-HDHL		14	21
• ERA CosysMed		11	36
• Euro NanoMed III		17	67
• BlueBio		30	30
• M.ERAnet.2		-	80
Ioncam ó AE i ndáil le rannpháirtíocht FEÉ leis an duais 2020			
Horizon - ACT	3(m)	-	142
Gníomhaireacht Spáis na hEorpa	3(n)	136	135
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	3(o)	36	-
<b>Iomlán</b>		<b>4,439</b>	5,488

- Ranníocaíocht ó Theagasc in 2021 le haghaidh cómhaoiniú na nduaiseanna ilbhliantúil arna dhéanamh ag FEÉ in 2017.
- Ranníocaíocht ó Fhoras na Mara in 2021 i gcomhair cómhaoiniú dámhachtainí ilbhliantúla a rinne FEÉ in 2016, 2017 agus 2018.
- Ranníocaíocht ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gcomhair cómhaoiniú dámhachtainí ilbhliantúla a rinne FEÉ in 2016, 2017 agus 2021.
- Ranníocaíocht ó Chumann Geolaíochta na hÉireann i gcomhair Cómhaoiniú dámhachtainí ilbhliantúla a rinneadh in 2016, 2017, 2018 agus 2021.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

- Ranníocaíocht ó Chumann Ailse na hÉireann in 2021 i gcomhair Clár Comhoibríoch Ionad Taighde Ailse ICS-FEÉ a dámhadh in 2015.
- Ranníocaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair Ionad Taighde FEÉ a dámhadh in 2018.
- Ranníocaíocht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i gcomhair duaiseanna Nuala Amach anseo in 2021 agus 2022.
- Ranníocaíocht ón Bhord Taighde Sláinte i dtreo duaiseanna SAM-Éireann arna dhéanamh in 2021 agus 2022.
- Ranníocaíocht ón Údarás Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) i dtreo dámhachtain Teorainneacha don Todhchaí déanta in 2022.
- Ranníocaíocht ón Roinn Oideachais i dtreo duaiseanna Fionn FEÉ arna dhéanamh in 2022.
- Ranníocaíocht ón Roinn Cosanta i gcomhair duaiseanna Nuala Amach anseo in 2021.
- Glacann FEÉ páirt i ngairmeacha éagsúla ar mhaoiniú ERA Net i gcomhair le gníomhaireachtaí maoiniúcháin Eorpacha eile agus leis an AE. Mar chuid dá rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin, faigheann FEÉ maoiniú i gcomhair na gcostas caipitil a dhéantar agus i gcomhair na gcostas bainistíochta clár a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a reáchtáil.
- Tá FEÉ mar pháirtíocht le duaiseanna taighde AE arna dhéanamh faoin chlár taighde agus nuálaíochta Horizon 2021; 'ACT' (Pobail de PrACTice le haghaidh Comhionannas Inscne a luathú agus Athrú Institiúide i dTaighde agus i Nuálaíocht thar an Eoraip).
- Maoiniú a tháinig as conradh bliantúil idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa le hOifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO) a chur chun feidhme in Éirinn.
- Ranníocaíocht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála i dtreo na gcostas bainistíochta clár a bhaineann le clár Dhuais Nuálaí na Todhchaí FEÉ a rith.

### 4. Speansais Riaracháin, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Luach Saothair agus Costais eile Phá	4(a)	7,846	6,557
Cóiríocht		2,415	2,433
Bainistíocht Chláir		734	757
Margaíocht agus Tacaíochtaí	4(b)	1,832	2,465
Tacaíocht agus Bonneagar TF		815	856
Speansais Riaracháin	4(c)	602	409
Seirbhísí Cuntasaíochta agus Iniúcháireachta Inmheánaí		201	269
Seirbhísí Gairmiúla agus Tacaíochta	4(d)	958	802
Sainseirbhísí agus Seirbhísí Oideachais		245	171
Bainistíocht AD		130	136
Táille Iniúcháireachta Reachtúla		32	32
Táille Stipinn PhD a Íoctar le Mac Léinn		948	-
<b>Iomlán</b>		<b>16,758</b>	14,887

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### 4(a) Luach saothair agus costais eile phá

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Tuarastail Foirne		6,207	5,138
Baill Fhoirne na nGníomhaireachtaí		711	756
Ranníocaíochtaí fostóirí le Leas Sóisialach		619	529
Laghdú i bhfabhrú pá saoire		(15)	(45)
Oiliúint agus Forbairt Foirne		153	81
Costais taistil agus chothaithe na foirne	4(e)	91	17
Táillí & Costais Chomhaltaí an Bhoird	4(f)	80	81
<b>Iomlán</b>		<b>7,846</b>	<b>6,557</b>
An líon iarbhír a bhí fostaithe ag deireadh na bliana		93	67

San áireamh i Luach Saothair agus Costais Pá Eile tá cúiteamh iomlán pearsanra Príomhbhainistíochta don bhliain 2022 a tháinig go dtí €916k (2021: €874k). Áirítear leis seo cúiteamh do chomhaltaí an Bhoird, don Ard-Stiúrthóir agus do cheathrar Fheidhmeannach Sinsearach a thuairiscigh dó. Bhain FEÉ tobhaigh phinsin de €212k (2021: €205k) ón bhfoireann a íocadh leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí ragoibre, liúntais eile nó íocaíochtaí foirceanta i gceachtar den dá bhliain.

### 4(b) Clúdaítear táillí comhairleora rannpháirtíochta poiblí dá luach €124k (2021: €127k) leis an Mhargaíocht agus Tacaíochtaí

### 4(c) Cuimsítear i speansais riaracháin caiteachas a bhaineann le fáilteachais:

	Notes	2022 €'000	2021 €'000
Fáilteachas foirne		11	2
Fáilteachas cliant		2	-
<b>Iomlán</b>		<b>13</b>	<b>2</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### 4(d) Seirbhísí Gairmiúla agus Tacaíochta

	2022 €'000	2021 €'000
Seirbhísí riaracháin	465	287
Comhairle dhlíthiúil	154	248
Comhairle um Ionracas Taighde	52	85
Athbhreithniú ar Chlár Infreastructúir Taighde	71	47
Comhairleacht Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI)	72	-
Comhairle le hUllmhú do Chónascadh FEÉ/CTÉ	42	-
Comhairle Acmhainní Daonna agus Pinsean	31	35
Comhairle maidir le soláthar	40	27
Comhairleacht Smart Futures	29	-
Suirbhé Náisiúnta COVID-19	-	24
Maoiniú Anailísí Taighde Horizon 2020	-	20
Comhairle maidir le cáin agus airgead	2	5
Táillí Gairmiúla Eile	-	24
<b>Iomlán</b>	<b>958</b>	<b>802</b>

Ní dhearnadh cásanna dlíthiúla nó socraíochtaí dlíthiúla ar bith in 2022. Sainíonn FEÉ táillí sainchomhairleoireachta mar chúraimí teoranta sonracha a bhaineann le sainscileanna nó sainchumas nach mbeadh laistigh de FEÉ de ghnáth.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### 4(e) Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe na foirne catagóirithe mar seo a leanas:

	2022	2021
	€'000	€'000
Taisteal Intíre agus Cothú	51	15
Taisteal Idirnáisiúnta agus Cothú	40	2
<b>Iomlán</b>	<b>91</b>	<b>17</b>

### Miondealú ar shochair fostaithe

Raon de Luach Saothair Pearsanra Príomhbhainistíochta		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2022	2021
€60,000	- €69,999	6	11
€70,000	- €79,999	13	16
€80,000	- €89,999	17	7
€90,000	- €99,999	3	-
€100,000	- €109,999	-	6
€110,000	- €119,999	11	6
€140,000	- €149,999	-	2
€150,000	- €159,999	2	-
€160,000	- €169,999	-	2
€170,000	- €179,999	2	-
€200,000	- €209,999	1	1

Nóta: Chun críocha an nochta sin, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhís a sholáthraítear le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, líuntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra air.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### 4(f) Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird

	Táillí an Bhoird	Costais Dearbhaithe	Cruinnithe Freastalaithe	Táillí an Bhoird	Speansais Dearbhaithe	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
	2022	2022	2022	2021	2021	2021
	€	€	Líon	€	€	Líon
<b>Comhalta Boird</b>						
An tOllamh J. Peter Clinch	-	212	7 as 7	-	-	7 as 7
An tOllamh Philip Nolan	-	-	6 as 7	-	-	Ní bhaineann
An tOllamh Sir Tom Blundell	4,169	-	0 as 2	11,970	-	6 as 7
An tUasal Aidan Donnelly	11,970	-	7 as 7	11,970	-	7 as 7
Uasal Máire Geoghegan Quinn	11,970	-	7 as 7	11,970	-	7 as 7
An tUasal Brendan Harte	11,970	-	7 as 7	11,970	-	7 as 7
An tOllamh Ann Leen	-	-	6 as 7	-	443	7 as 7
An tUasal Declan Hughes	-	-	5 as 5	-	-	Ní bhaineann
An tOllamh Liam Madden	-	-	6 as 7	-	-	7 as 7
Uasal Gráinne McAleese	11,970	-	6 as 7	11,970	-	7 as 7
Uasal Cliona Murphy	-	227	5 as 7	-	-	6 as 7
An tOllamh Mark Ferguson	-	-	Ní bhaineann	-	-	7 as 7
Táillí Boird a íocadh le COBÁC*	20,520	-	Ní bhaineann	20,520	-	Ní bhaineann
Speansais Ghinearálta an Bhoird	-	6,854	Ní bhaineann	-	-	Ní bhaineann
<b>Iomlán</b>	<b>72,569</b>	<b>7,293</b>		<b>80,370</b>	<b>443</b>	

Íoctar táillí do na comhaltaí Boird arna socrú ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá comhaltaí Boird áirithe eisiata ó tháillí a fháil ó FEÉ faoi na socrúithe luach saothair “Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin” i gcás nach féidir le seirbhísigh phoiblí táillí Boird a fháil sa bhreis ar thuarastal. Is iad sin an tOllamh J. Peter Clinch, an tOllamh Philip Nolan agus an tOllamh Mark Ferguson.

\*Tá táillí boird íoctha le COBÁC i ndáil leis an Ollamh J. Peter Clinch. Tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun costais COBÁC (mar fhostóir) a fhritháireamh chun an tOllamh J. Peter Clinch a scaoileadh chun fónamh ar Bhord FEÉ suas go dtí an táille ábhartha do phost an Chathaoirligh. Ina theannta sin, tharscaoil tríúr comhaltaí Boird a dtáillí Boird, an tOllamh Liam Madden, an tOllamh Ann Leen agus Cliona Murphy Uasal.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

Tá na comhaltaí seo a leanas bunaithe thar lear: Tá an tOllamh Sir Tom Blundell lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus tá an tOllamh Liam Madden agus an tOllamh Ann Leen lonnaithe i SAM.

Chuaigh an tOllamh Mark Ferguson ar scor mar Ard-Stiúrthóir ar an 16ú Eanáir 2022. Thosaigh an tOllamh Philip Nolan mar Ard-Stiúrthóir ar an 17ú Eanáir 2022. Tá an tOllamh Philip Nolan ar iasacht ó Ollscoil Mhá Nuad. Déanann Ollscoil Mhá Nuad FEÉ a chrosmhuirear as buntuarastal, ÁSPC an fhostóra agus ranníocaíochtaí pinsin an Ollaimh Philip Nolan.

Is é seo a leanas pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra amhail an 31ú Nollaig 2022: buntuarastal bliantúil €222k (2021: €201k). Is é 25% an ranníocaíocht pinsin comhaontaithe idir FEÉ agus Ollscoil Mhá Nuad, atá ailínithe le litir ón Roinn Airgeadais a eisíodh chuig Oifig Pearsanra dar dáta 20ú Meán Fómhair 2005 maidir leis an ranníocaíocht atá le híoc idir comhlachtaí poiblí ina bhfuil an t-iasachtaí fós ina bhall dá scéim phinsin reatha. Is ball é an tArd-Stiúrthóir de 'Scéim Pinsin Eiseamláireach' Ollscoil Mhá Nuad agus ní théann a theidlíochtaí chuige sin thar théarmaí na scéime sin. Ní raibh aon bhónas a bhain le feidhmíocht i gceist. Ba é iomlán na gcostas don bhliain a thabhaigh an tArd-Stiúrthóir ná €21k (2021: €3k).

Leagtar speansais dhearbhaithe comhaltaí boird mar seo a leanas:

	2022	2021
	€'000	€'000
Taisteal Intíre agus Cothú	0.4	0.4
Taisteal Idirnáisiúnta agus Cothú	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>0.4</b>	0.4

Baineann speansais chomhaltaí an Bhoird de €439 i 2022 (2021: €443) le caiteachas deimhnithe a d'íoc Fondúireacht Eolaíochta Éireann le comhaltaí Boird FEÉ. Baineann an t-iarmhéid de €6,854 (2021: €0k) le caiteachas arna íoc ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann thar ceann chomhaltaí an Bhoird. Áirítear le speansais ghinearálta an Bhoird do 2022 costais lóistín agus béilí do chruinnithe Boird a thionóltar i rith na bliana.

Rinneadh na héirí as agus na ceapacháin seo a leanas chuig an mBord i 2022:

- ▶ D'éirigh an tOllamh Mark Ferguson as a phost mar Ard-Stiúrthóir agus mar chomhalta de bhrí oifige den Bhord ar an 16ú Eanáir, 2022.
- ▶ Ceapadh an tOllamh Philip Nolan ina Ard-Stiúrthóir agus ina chomhalta de bhrí oifige den Bhord ar an 17ú Eanáir, 2022.
- ▶ Ceapadh an tUasal Declan Hughes ina chomhalta ar an 5ú Aibreán, 2022.
- ▶ D'éirigh an tOllamh Sir Tom Blundell as ar an 30ú Aibreán, 2022.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022

### 5. Costais Sochar Scoir

